Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Tuarascáil Bhliantúil 2018

Clár Ábhar

1	Brollach ón Stiúrthóir	2
2	An tSeirbhís Dócmhainneachta – Na Nithe a Dhéanaimid	3
3	An tSeirbhís Dócmhainneachta – Cé Sinn	4
4	Grafaicí Faisnéise – Staitisticí don Bhliain 2018 ar Sracfhéachaint	5
5	Oibríochtaí	6
6	Reachtaíocht	10
7	Cumarsáid	12
8	Abhaile	13
9	Geallsealbhóirí	14
10	An tEolas Corparáideach is Déanaí	17

Aguisín 1	20
Aguisín 2	22
Aguisín 3	25
Aguisín 4	26
Aguisín 5	30

1 Brollach ón Stiúrthóir

Ba í an bhliain 2018 an cúigiú bliain iomlán ina raibh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann ag oibriú.

Ó osclaíodh í, d'éirigh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta beagnach 8,000 féichiúnaí a dhéanamh sócmhainneach arís. Ba iad na réitigh atá ar fáil tríd an tSeirbhís Dócmhainneachta a spreag níos mó ná 120,000 ceann de bhearta neamhfhoirmiúla idir féichiúnaithe agus creidiúnaithe freisin.

Díol suntais ar leith sa bhliain 2018 ba ea an fás láidir leanúnach ar an líon Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta. Tá na réitigh éagsúla Chomhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta a baineadh amach sa bhliain 2018 mar fhianaise ar dhoimhneacht agus leithead na cumhachta atá ag Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta chun morgáistí a athshlánú agus chun iasachtaithe a choinneáil ina n-áras ag an am céanna. Áiríodh iad seo a leanas leis na réitigh Chomhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta a baineadh amach sa bhliain 2018:

- **Cuid den chothromas diúltach nó an cothromas diúltach ar fad a dhíluacháil chun morgáiste a dhéanamh inbhuanaithe**
- **Sciar de mhorgáiste a thrádstóráil in oirchill eachtra ar dóigh di teacht chun cinn amach anseo (e.g. cnapshuim pinsin)**
- **An téarma a fhadú**
- **An ráta úis a laghdú**
- **Rátaí úis a choinneáil seasta ar feadh na tréimhse morgáiste atá fágtha (25 bliana nó níos mó)**
- **Cíos in ionad morgáiste**
- **Fiachas i gcomaoin cothromais**

A bhuí le Abhaile, an tseirbhís tacaíochta riaráiste morgáiste saor in aisce, is féidir le féichiúnaithe leas a bhaint as comhairliúcháin saor in aisce le Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta. Ceann de phríomhéachtaí na seirbhíse is ea go bhfuil Abhaile ag dul i bhfeidhm ar dhaoine atá i riaráiste fadtéarmach (níos mó ná 720 lá chun deiridh). .

Ar aon dul le hathruithe reachtacha a tugadh isteach le déanaí, rinneadh 120 áras teaghlaigh a athdhílsiú d'iarfhéimhigh sa bhliain 2018 freisin.

Ils léir ó scála an riaráiste morgáiste atá ann in Éirinn go fóill gur cheart do níos mó daoine leas a bhaint as réitigh na Seirbhíse Dócmhainneachta ná mar a tharlaíonn faoi láthair. Bíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta ag tabhairt faoi thionscnaimh i gcónaí – go háirithe feachtais faisnéise agus obair for-rochtana – chun a chinntiú go bhfuil féichiúnaithe ar an eolas faoi na réitigh atá ar fáil dóibh. Leanaimid lenár dteachtaireachtaí a athrú bunaithe ar an aiseolas a fhaighimid ó úsáideoirí agus ar an bhfaisnéis ábhartha eile a bhíonn ar fáil dúinn. Sa bhliain 2018, chuir an tSeirbhís Dócmhainneachta a tairiscint chun cinn ar ardáin dhigiteacha éagsúla agus ar an raidió, ar an teilifís agus sna meáin chlóite.

Creideann an tSeirbhís Dócmhainneachta agus na comhaltaí uile den Fhóram Comhairleach – a chuimsíonn tathantóirí d'fhéichiúnaithe, creidiúnaithe, Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus an tSeirbhís Chúirteanna – go dtiocfadh roinnt tairbhí as cur chun feidhme na moltaí a bhí in Athbhreithniú Alt 141 a cuireadh faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar chuid de chomhairliúchán a seoladh go luath sa bhliain 2017. D'áireofaí iad seo a leanas leis na tairbhí sin:

- éifeachtúlachtaí a bhrú chun cinn
- bacainní ar rochtain a laghdú
- an próiseas dócmhainneachta pearsanta a fheabhsú ar shlí eile

Is údar díomá dúinn nár cuireadh na moltaí chun feidhme go fóill. Tá an tSeirbhís Dócmhainneachta ar fáil chun cabhrú leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais na nithe sin a chur ar aghaidh.

Bunaithe ar straitéis nua 3 bliana, leanfaidh foireann na Seirbhíse Dócmhainneachta ag díriú ar an bhfís atá aici "tús nua a thairiscint do dhaoine a bhfuil fiachais orthu" sa bhliain 2019.

Christopher Lehane,
Stiúrthóir Eatramhach
Aibreán 2019

2 An tSeirbhís Dócmhain-neachta – Na Nithe a Dhéanaimid

Comhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh sa bhliain 2013 chun déileáil le dócmhainneacht phearsanta is ea Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Tá sé mar aidhm againn daoine a dhéanamh sócmhainneach arís agus iad a fhilleadh ar pháirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíocht shóisialta agus eacnamaíoch.

Tá príomhfheidhmeanna na Seirbhíse Dócmhainneachta leagtha amach in alt 9 de na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 go 2015. Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna sin:

- **an córas atá ar bun chun tacú leis na trí rogha eile ar fhéimheacht – Fógraí Faoisimh Fiachais, Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta – a oibriú**
- **eastáit féimheach a riar**
- **rialáil a dhéanamh ar chleachtóirí údaraithe ar fud na tíre a thairgeann comhairle maidir le dócmhainneacht phearsanta agus a thugann cúnamh d'fhéichiúnaithe agus Fógra Faoisimh Fiachais, Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta á lorg acu**
- **feasacht agus tuiscint an phobail a chur chun cinn ar na réitigh dhócmhainneachta pearsanta atá ar fáil do dhaoine**
- **treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint i dtaobh cad is caighdeán maireachtála réasúnach agus caiteachais mhaireachtála réasúnacha ann d'fhéichiúnaithe**
- **cuidiú le forbairt beartais sa réimse dócmhainneachta pearsanta**

3 An tSeirbhís Dócmhainneachta – Cé Sinn

Lorcan O'Connor

Stiúrthóir

Freagrach as foireann, riarachán agus gnó na Seirbhíse Dócmhainneachta a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne.

Christopher Lehane

Sannaí Oifigiúil/Stiúrthóir Eatramhach

Freagrach as eastáit féimheachta a riar faoi na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2015.

Trevor Noonan[1]

Bainistíocht Cásanna

Freagrach as bainistiú agus próiseáil a dhéanamh ar na trí réiteach faoisimh fiachais faoi na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 go 2015, agus as an Líne Faisnéise a oibriú.

Liza Doyle

Seirbhísí Dlí

Freagrach as seirbhísí dlí a sholáthar do gach rannóg de chuid na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Cormac Keating[2]

Beartas, Rialáil agus Gnóthaí Corparáideacha

Freagrach as forbairt taighde agus beartais, as rialáil agus maoirseacht a dhéanamh ar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus ar idirghabhálaithe ceadaithe, as gach ní rialachais agus as raon seirbhísí tacaíochta a sholáthar don tSeirbhís Dócmhainneachta.

1 Thosaigh Trevor Noonan ag obair sa tSeirbhís Dócmhainneachta i mí Lúnasa 2018. Ghlac sé áit Randall Plunkett, iar-Cheann Bainistíochta Cásanna.

2 Thosaigh Cormac Keating ag obair sa tSeirbhís Dócmhainneachta i mí Lúnasa 2018. Ghlac sé áit John Farrell, iar-Cheann Beartais agus Rialála. D'fhág Sean Murphy an tSeirbhís Dócmhainneachta le linn na bliana 2018 freisin. Bhí sé ina Cheann Gnóthaí Corparáideacha.

4 Staitisticí don Bhliain 2018 ar Sracfhéachaint

Dhéileáil an tSeirbhís Dócmhainneachta le fiachas

€12.4 billiún

Laghdú 24% ar iarratais

1,958

an líon Deimhnithe Cosantacha a eisíodh

88% an céatadán díobh a eisíodh do Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta, an réiteach lena ndéileáiltear le fiachas morgáiste

Bhí an meánlaghdú príomhshuime in aghaidh an árais teaghlaigh cothrom le thart ar **€120,000** agus bhí **95%** díobh sin a rinne Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta in ann fanacht ina n-árase

1,573

an líon ceann de dhearbháin Abhaile a eisíodh do chomhairliúchán saor in aisce le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta

397

AN LÍON DAOINE A BREITHNÍODH INA bhFÉIMHEACH

461

AN LÍON DAOINE A CHUAIGH AMACH AS FÉIMHEACHT

556

an líon ceann nua d'iarratais alt 115A a taisceadh sa bhliain 2018

911

an líon daoine a bhain leas as Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta agus ar éirigh leo a n-áras a choinneáil

87,415

an líon cuairteoirí ar shuíomhanna Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta

99% an céatadán de chuairteoirí ar Back on Track a bhí ina gcuairteoirí nua

1,312

an líon comhshocraíochtaí a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2018

110 gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta

agus

13 Idirghabhálaí Cheadaithe

5 Oibríochtaí

Riarann an tSeirbhís Dócmhainneachta ceithre scéim ar leith chun daoine a bhfuil fiachais orthu a chumasú a bhfadhbanna fiachais a réiteach, is iad sin: Fógra Faoisimh Fiachais, Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais, Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta, agus Féimheacht. Tugtar sa tábla thíos tuilleadh faisnéise faoi gach ceann de na ceithre scéim, ina leagtar amach ré na scéimeanna, na cineálacha fiachas atá i gceist leo agus na tairseacha vótála atá riachtanach (más infheidhme).

Ba í an bhliain 2018 an cúigiú bliain iomlán ina raibh an tSeirbhís Dócmhainneachta ag oibriú. D'éirigh leis an tSeirbhís Dócmhainneachta beagnach 8,000 féichiúnaí a dhéanamh sócmhainneach arís agus bíonn ag méadú i gcónaí ar an líon daoine atá ag baint leas as na réitigh fiachais atá ar fáil tríd an tSeirbhís Dócmhainneachta.[3]

Fíor 1: Comhshocraíochtaí Ceadaithe Dócmhainneachta agus Féimheachta (2013-2018)



Cé go bhfuil faisnéis níos mionsonraithe le fáil in Aguisíní 1 agus 2, tá roinnt staitisticí lena léirítear na leibhéil ghníomhaíochta le linn na bliana 2018 leagtha amach thíos:

- Dhéileáil an tSeirbhís Dócmhainneachta le fiachas iomlán €2.693 billiún sa bhliain 2018.
- Próiseáladh 1,709 gcás ar fud na gceithre réiteach a chuireann an tSeirbhís Dócmhainneachta ar fáil (Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta: 959 gcás; Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais: 164 chás; Fógraí Faoisimh Fiachais: 189 gcás; Féimheacht: 397 gcás);
- Eisíodh 1,958 nDeimhniú Chosantacha (is é seo an chéad chéim i dtreo Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a bhaint amach agus tugtar leis cosaint d'fhéichiúnaithe ar chreidiúnaithe a bheith ag déanamh teagmháil leo fad a bheidh an Deimhniú Cosantach i bhfeidhm); eisíodh 88% de na Deimhnithe Cosantacha do Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta, an réiteach lena ndéileáiltear le fiachas morgáiste agus a bhfuil mar aidhm leis an féichiúnaí a choinneáil san áras teaghlaigh;
- Tháinig laghdú 16% ar an líon féimheachtaí nua, ó 473 cinn sa bhliain 2017 go 397 gcinn sa bhliain 2018;
- Rinne 373 fhéichiúnaí achainí chuig an Ard-Chúirt ar son a bhféimheachta féin sa bhliain 2018, i gcomparáid le 432 fhéichiúnaí sa bhliain 2017 (laghdú 13.7%). Thionscain creidiúnaithe 24 fhéimheacht sa bhliain 2018, i gcomparáid le 41 cheann sa bhliain 2017;
- Agus iad faoi réir rialáil, tá 110 gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta agus 13 Idirghabhálaí Cheadaithe, a bhfuil 139 nDuine Fhreagracha nasctha leo, ar fáil chun bualadh aghaidh ar aghaidh le féichiúnaithe chun teacht ar réiteach ar a bhfadhbanna fiachais.

3 Déantar staitisticí mionsonraithe lena gcumhdaítear obair na Seirbhíse Dócmhainneachta a fhoilsiú ar bhonn ráithiúil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta anseo.

Fíor 2: Treochtaí Dócmhainneachta sa bhliain 2018 i gcomparáid leis an mbliain 2017



Bosca 1: Féimheacht – An Bhliain ina hUimhreacha

19 an líon faduithe a rinne an Ard-Chúirt ar an téarma féimheachta de bharr neamhchomhlíonadh

41 an líon Orduithe Íocaíochta Féimheachta a cheadaigh an Ard-Chúirt

120 an líon áras a athdhílsíodh don iarfhéimheach tríd an bhforáil reachtach nua

397 an líon féimheach nua

461 an líon daoine a chuaigh amach as féimheacht

€11,139,530 luach na sócmhainní a réadaíodh

€882,000 luach na ndíbhinní a eisíodh chuig creidiúnaithe

Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta

Le linn na bliana 2018, bhí an 20 Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ba ghníomhaí freagrach as 87% de na Deimhnithe Cosantacha a eisíodh agus as 74% de na Comhshocraíochtaí a cuireadh chun feidhme.

Sa bhliain 2018, d'éirigh le 50% den 110 gCleachtóir údaraithe Dócmhainneachta Pearsanta Comhshocraíocht Dócmhainneachta ar cheadaigh an Chúirt í a bhaint amach agus fuair 62% díobh Deimhniú Cosantach thar ceann duine aonair dócmhainneach.

Fíor 3: An Líon Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus an Líon Comhshocraíochtaí a bhain siad amach. 2018



Bhí na cúig phríomhchleachtadh Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta (ina raibh 11 duine aonair a bhí údaraithe mar Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta) freagrach as 50% de na Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta (Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais/ Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta) a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana 2018. Chomh maith leis sin, d'éirigh leis na cúig chleachtadh sin 47% de na Deimhnithe Cosantacha a eisíodh sa bhliain 2018 a bhaint amach, 26% de Dhearbháin Abhaile a eisíodh a fháil agus cúnamh a thabhairt do dhaoine aonair i 15% d'fhéinbhreithnithe féimheachta.

Fíor 4: Gníomhaíocht na gCúig Phríomhchleachtadh Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta, 2018



Athbhreithnithe Alt 115A

Tugadh próiseas athbhreithnithe alt 115A isteach ag deireadh na bliana 2015 mar fhreagairt don rud ar a dtugtar "cros an bhainc". Leis an bpróiseas sin, cumasaítear don Chúirt togra Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta ar dhiúltaigh creidiúnaí dó a athbhreithniú agus, i gcás gur deimhin léi go bhfuil an togra réasúnach, ordú a dhéanamh lena ndeimhnítear an Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta.

Leanann an tSeirbhís Dócmhainneachta le faireachán a dhéanamh ar oibriú athbhreithnithe alt 115A. Rinneadh líon mór iarratas chuig an gCúirt arís eile sa bhliain 2018 ar athbhreithnithe ar thograí Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta ar dhiúltaigh creidiúnaithe dóibh. Tá stádas na gcásanna a tógadh faoin bhforáil nua seo leagtha amach sa tábla thíos, ina léirítear an líon iarratas ar athbhreithniú alt 115A a fuarthas agus a cuireadh ar aghaidh suas go deireadh na bliana 2018.

B'airde an líon iarratas a fuarthas sa bhliain 2018 (556 cinn) ná an líon a fuarthas sa bhliain 2017 (487 gcinn).

Le linn na bliana 2018, bhí an 20 Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ba ghníomhaí freagrach as 87% de na Deimhnithe Cosantacha a eisíodh agus as 74% de na Comhshocraíochtaí a cuireadh chun feidhme.

Athbhreithnithe Alt 115A ón gCúirt amhail deireadh mhí na Nollag 2018				
	Iomlán	An Ard-Chúirt	An Chúirt Chuarda	Breitheanna a ndearnadh achomharc ina n-aghaidh chuig cúirt níos airde
An líon iomlán iarratas ar athbhreithniú a rinneadh (100%)	1280	45	1235	
An líon iomlán cásanna a tugadh chun críche de bhun athbhreithnithe (47%)	605	29	576	181
agus iad miondealaithe mar seo a leanas:				
an líon cásanna inar seasadh leis an agóid ó chreidiúnaí (60%)*	365	11	354	160
an líon cásanna nár seasadh leis an agóid ó chreidiúnaí iontu (33%)	200	18	182	15
an líon cásanna inar tarraingíodh an t-iarratas siar nó inar caitheadh an t-iarratas amach (7%)	40	0	40	6

*Is eol don tSeirbhís Dócmhainneachta go raibh roinnt cásanna ann inar taifeadadh gur seasadh leis an agóid ó chreidiúnaí ach inar thángthas ar shocraíocht idir an féichiúnaí agus an creidiúnaí lena mbaineann.

Cé gur dearadh an próiseas chun go bhféadfaí cásanna den sórt sin a réiteach go tapa, is amhlaidh gur mall atá an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo. Ceann de na cúiseanna leis sin is ea an tsraith agóidí dlíthiúla a rinne creidiúnaithe in aghaidh gnéithe teicniúla áirithe den phróiseas, ar bhain an ceann ba shuntasaí díobh le locus standi an fhéichiúnaí faoin Acht (cumas an fhéichiúnaí iarratas ar athbhreithniú a thionscnamh). Le linn na bliana 2018, áfach, thug roinnt de na Cúirteanna Cuarda raon tionscnamh dearfach isteach a bhfuil mar aidhm leo cur chun cinn na gcásanna a bhrostú, agus táthar ag súil leis go gcuirfear cásanna ar aghaidh laistigh de thréimhsí ama níos giorra dá mbarr.

Ina theannta sin, cé go leanann creidiúnaithe le hagóidí teicniúla a dhéanamh, thug an Ard-Chúirt roinnt rialuithe tábhachtacha ina leith go dtí seo. Is rialuithe iad sin lena dtugtar tuilleadh soiléire maidir le gnéithe áirithe d'oibriú na reachtaíochta.

Tá achoimre déanta thíos ar rialuithe den sórt sin, ina léirítear na príomh-shaincheisteanna ar dhéileáil an Chúirt leo i ngach cás. Leanann an tSeirbhís Dócmhainneachta le geallsealbhóirí a choinneáil ar an eolas faoi na forbairtí sin tríd an rChoimre a chuireann sí ar fáil.

Achoimre ar Rialuithe Roghnaithe ón gCúirt faoi Alt 115A sa Bhliain 2018			
Cás	Na príomh-shaincheisteanna ar déileáladh leo	Dáta	Hipearnasc chuig an mBreithiúnas
Meeley, Taaffe & Foye	Locus standi agus costais.	5/2/2018	[Link]
Hickey	An chosaint a ghabhann le Deimhniú Cosantach.	31/5/2018	[Link]
Enright	Togra a mhodhnú.	31/5/2018	[Link]
Taaffe	Aitheantas ceart na príomháite cónaithe príobháidí.	31/7/2018	[Link]
Sweeney	Cumas aisíocaíochta agus costais imthosca speisialta.	31/7/2018	[Link]
Tinkler	Láimhseáil na príomháite cónaithe príobháidí agus creidiúnaithe urraithe eile.	3/12/2018	[Link]
Fetherston	Stair aisíocaíochta an fhéichiúnaí.	3/12/2018	[Link]
Hickey (No.3)	Tréimhse na cosanta a ghabhann le Deimhniú Cosantach.	5/12/2018	[Link]

6 Reachtaíocht

Leasuithe Reachtacha

Mar thoradh ar thabhairt isteach an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, ba ghá athruithe reachtacha a dhéanamh ar an Acht Féimheachta, 1988 (arna leasú), agus ar an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (arna leasú), araon.

An tAcht Féimheachta, 1988 (arna leasú)

Rinneadh alt 140D den Acht Féimheachta, 1988 (arna leasú), a leasú arís eile mar seo a leanas:

"140D
(1) Cuirfear srian ar Airteagal 15 (Ceart rochtana) den Rialachán maidir le Cosaint Sonraí a mhéid is gá agus is comhréireach chun comhlíonadh éifeachtach a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi alt 61 ag an Sannaí Oifigiúil a chosaint, i gcás go dtiocfaidh as comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin próiseáil sonraí pearsanta a bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí maidir leo.

(2) San alt seo, ciallaíonn an 'Rialachán maidir le Cosaint Sonraí' Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 201615 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)."

An tAcht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2018 (arna leasú)

Cuireadh an sainmhíniú seo a leanas isteach in alt 2(1) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (arna leasú), le halt 221(a)(i) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018:

"'Ciallaíonn an 'Rialachán maidir le Cosaint Sonraí' Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 201645 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)."

Cuireadh an sainmhíniú seo a leanas in ionad alt 2(1) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (arna leasú), le halt 221(a)(ii) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018:

"'ciallaíonn 'sonraí pearsanta' sonraí pearsanta de réir bhrí—
(a) an Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí, nó
(b) Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018;"

Ina theannta sin, scriosadh alt 21A den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (arna leasú), le halt 221(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus cuireadh an t-alt seo a leanas in ionad alt 186 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, le halt 221(c) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018:

"Srian a chur ar an gceart rochtana ar shonraí pearsanta in imthosca áirithe

186. Cuirfear srian ar Airteagal 15 (Ceart rochtana) den Rialachán maidir le Cosaint Sonraí, de réir mar a bhaineann sé leis na sonraí pearsanta (de réir bhrí an Rialacháin sin) a phróiseálann na daoine nó na comhlachtaí seo a leanas, a mhéid is gá agus is comhréireach chun an duine nó an comhlacht a fheidhmeanna nó a feidhmeanna nó a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, de réir mar a bhaineann na feidhmeanna sin le maoirseacht a dhéanamh ar chleachtóirí dócmhainneachta pearsanta de réir alt 176A nó le himscrúdú a sheoladh faoin gCuid seo:

(a) an tSeirbhís Dócmhainneachta;
(b) cigire a cheapfar faoi alt 176;
(c) oifigeach údaraithe a cheapfar faoi alt 176B;
(d) an Coiste um Ghearáin."

Cláir an Aontais Eorpaigh

Lean an tSeirbhís Dócmhainneachta le páirt a ghlacadh sa Choiste um Imeachtaí Dócmhainneachta a bunaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 2015/848. Foráiltear leis an Rialachán do chlár dócmhainneachta idirnasctha a bhunú don Aontas ar fad, rud a mbeidh rochtain ag na Ballstáit uile air trí chomhthairseach cuardaigh. Tá an tairseach le teacht i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2019 agus beifear in ann í a úsáid chun cuardach a dhéanamh ar chláir náisiúnta dhócmhainneachta na mBallstát den Aontas lena gcumhdaítear cásanna corparáideacha, pearsanta agus féimheachta. Tá an tSeirbhís Dócmhainneachta ag imirt ról lárnach ar leibhéal náisiúnta sa tionscadal chun cláir dhócmhainneachta an Aontais a idirnascadh lena chéile agus ghabh sí uirthi féin an réiteach teicniúil a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a óstáil di féin agus don dá ghníomhaireacht eile lena mbaineann chun a chinntiú go gcomhlíonfar oibleagáidí na hÉireann (faoin ngné seo den Rialachán)..

Athbhreithniú ar Oibriú Chuid 3 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta

Sa bhliain 2017, d'iarr an Roinn na tuairimí ó pháirtithe leasmhara maidir le hoibriú Chuid 3 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012. Rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta aighneacht chuimsitheach chuig an Roinn ina leith, rud inar sainaithníodh na réimsí sin a chuireann bac ar oibriú éifeachtúil an phróisis dócmhainneachta agus inar moladh bealaí ina bhféadfaí dul i ngleic leis na baic sin chun tairbhe do na geallsealbhóirí uile. Sa bhliain 2018, rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta aighneacht eile inar tugadh tuilleadh mionsonraí faoi roinnt saincheisteanna ar tarraingíodh aird na Roinne orthu agus lean sí ag obair go dlúth leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun na hathruithe riachtanacha sin a chur ar aghaidh. Tá an tSeirbhís Dócmhainneachta ag feitheamh leis an toradh ó phróiseas breithniúcháin na Roinne.

7 Cumarsáid

Tá Grúpa tiomnaithe Tionscadail Chumarsáide i bhfeidhm ag an tSeirbhís Dócmhainneachta. Tá sé de chúram ar an ngrúpa gníomhaíochtaí cumarsáide a phleanáil agus a chomhordú chun a chinntiú go gcuirtear teachtaireachtaí tábhachtacha in iúl do gach geallsealbhóir trí na cainéil chuí. Le linn na bliana 2018, thug an grúpa láithreoireachtaí d'eagraíochtaí, rinne sé idirchaidreamh leis na meáin agus chinntigh sé go raibh rochtain éasca ag ár spriocphobal ar shuíomhanna Gréasáin, foilseacháin agus foinsí faisnéise gaolmhara na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Le linn an chéad trí mhí den bhliain, reáchtáil an tSeirbhís Dócmhainneachta mórfheachtas **'Back on Track'** (www.backontrack.ie), inar díríodh ar dhaoine a bhfuil fiachas fadhbach orthu.

Ba é aidhm an fheachtais aird a tharraingt ar an mbrú ollmhór a ghabhann le fiachas agus ar an bhfaoiseamh mór a mhothaíonn daoine a luaithe a lorgaíonn siad cabhair. Cuireadh gnéithe den fheachtas i bhfeidhm ag amanna éagsúla den bhliain trí fhógraí ar an teilifís, ar líne, ar an raidió agus sa phreas agus trí fhógraí amuigh faoin spéir.

Thosaigh 16,248 nduine ag baint úsáid as ár suíomh Gréasáin BackonTrack.ie le linn an fheachtais. Bhí méadú ann ar an líon daoine ar maith leo sinn ar Facebook agus ar an líon leantóirí atá againn ar Twitter freisin. Chuaigh an ghné teilifíse den fheachtas i bhfeidhm ar 84% dár spriocphobal, is iad sin, aosaigh atá 35 bliana d'aois nó níos sine.

I bhfianaise na bpunann iasachtaí a dhíol na príomhbhainc mhiondíola le rudaí ar a dtugtar 'creach-chistí' le déanaí, scríobh an tSeirbhís Dócmhainneachta go díreach chuig gach comhairleoir contae chun faisnéis mhionsonraithe a thabhairt dóibh faoi na roghanna atá ar fáil do dhaoine atá i gcruachás. Ina gcáil mar chomhairleoirí, is dóigh go rachaidh daoine a bhfuil a leibhéil fiachais ó smacht i dteagmháil leo chun comhairle agus cúnamh a fháil uathu.

Leanann an tSeirbhís Dócmhainneachta lena feachtas 'Back on Track' a chur chun cinn nuair is féidir agus chuir sí tús le feachtas spriocdhírithe cur chun cinn an 28 Nollaig 2018.

Ar mhaithe le feasacht an phobail a mhéadú ar a cuid oibre, ghlac an tSeirbhís Dócmhainneachta páirt sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, i Seó Trádála agus Turasóireachta Scor Gníomhach Éireann agus in imeacht i gcoláiste tríú leibhéal freisin.

8 Abhaile

Thug an Rialtas Abhaile isteach i mí Iúil 2016. Is é an aidhm atá leis cabhrú le húinéirí tí teacht ar réiteach ar riaráiste morgáiste tí. Soláthraíonn sé raon seirbhísí chun cabhrú le daoine atá i riaráiste morgáiste déileáil leis an gcor agus tairgeann sé rochtain saor in aisce ar chomhairle maidir le cúrsaí airgeadais, dlí agus dócmhainneachta.

Is iad an Roinn agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí a chomhordaíonn an tseirbhís agus is í an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) a oibríonn í i gcomhar leis an tSeirbhís Dócmhainneachta, leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil agus leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Cuireadh painéil ghairmithe cáilithe rialáilte ar bun chun na seirbhísí riachtanacha a sholáthar.

Le linn na bliana 2018, lean Abhaile le tionchar a imirt ar an líon Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta a ndearnadh iarratas orthu. Cé go raibh laghdú ann ar an líon iarratas a rinneadh agus ar an líon Deimhnithe Cosantacha a eisíodh, tá méadú 60% tagtha ar an líon Comhshocraíochtaí a baineadh amach ón Tríú Ráithe den bhliain 20174 i leith. Coimeádann an tSeirbhís Dócmhainneachta painéal Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta, a gcistítear iad chun comhairle dócmhainneachta a thabhairt saor in aisce d'fhéichiúnaithe incháilithe. Próiseálann sí na héilimh ó na Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta sin freisin. Éascaíonn Abhaile sreabhadh réidh faisnéise idir MABS agus Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta go háirithe, agus tá sé sin tábhachtach maidir le dul i bhfeidhm ar fhéichiúnaithe a dteastaíonn cabhair uathu. Cuireadh méid suntasach ama agus iarrachta isteach in anailís a dhéanamh ar fhigiúirí le linn na bliana chun tionchar Abhaile, a bhfuil deireadh le cur leis i mí Iúil 2019, a mheas agus chun foghlaim ó na treochtaí a tugadh faoi deara. Cuireadh feabhsuithe suntasacha ar an gcóras a úsáidtear chun próiseáil a dhéanamh ar na héilimh a dhéanann Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta chuig Abhaile freisin, rud a chuir le héifeachtúlacht an chórais. Sa bhliain 2018:

- eisíodh 1,573 dhearbhán chuig féichiúnaithe le haghaidh comhairliúchán saor in aisce le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta, agus,
- rinne na Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta sin a chuir comhairliúchán i gcrích le féichiúnaithe 2,386 dhearbhán a fhuascailt

Bhí 84 Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ann ar phainéal Abhaile ag deireadh na bliana 2018.

Tá tuilleadh faisnéise faoi oibriú scéim Abhaile le fáil in Aguisín 4.

4 Míniú ar cén fáth a mbreathnaímid ar Ráithe 3

Cás-Staidéar 1 ar Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta

Bhí Simon ina úinéir gnó bhig. Agus fiachais throma air, bhí air an gnó a dhúnadh sa bhliain 2009 tar éis thobchliseadh an gheilleagair. Bhí na céadta míle euro san iomlán amuigh air.

Bhí áras teaghlaigh measartha ag Simon agus ag a bhean chéile. D'éirigh leis post a fháil ansin. Cé go raibh sé in ann a mhorgáiste a íoc agus maireachtáil ó lá go lá, lean sé le héilimh a fháil go n-aisíocfaí a fhiachais ghnó. Admhaíonn Simon nach ndearna sé aon bheart ar bith i leith na litreacha ná na nglaonna a fuair sé ar feadh tréimhse 8 mbliana.

"Agus clann óg agam, rinne mé iarracht díriú ar an saol laethúil. Ní raibh mé in ann pleanáil don todhchaí, áfach. Nuair a tharla aon rud maith i mo shaol, bhraith mé go dtógfaí uaim am ar bith é."

Tar éis comhairle a fháil ó chara dá chuid, chuaigh Simon agus a bhean chéile i dteagmháil le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta sa bhliain 2017.

"Nuair a bhuaileamar leis an gCleachtóir den chéad uair, leag sé amach go soiléir na roghanna a bhí ar fáil dúinn. Thug sé muinín dúinn go bhféadfadh dea-shaol a bheith i ndán dúinn arís."

Fuair an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta Deimhniú Cosantach ansin, rud lenar cuireadh cosc ar chreidiúnaithe teagmháil a dhéanamh leis. Mhairfeadh an tsocraíocht dócmhainneachta pearsanta a mhol an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta tréimhse 6 mhí agus dhíscríobhfaí a fhiachais uile ag deireadh na tréimhse sin. Ceanglaíodh leis an togra go ndéanfadh ball teaghlaigh ranníocaíocht cnapshuime.

D'éirigh le Simon dul amach as a shocraíocht sa bhliain 2018 tar éis tréimhse 6 mhí. Tá sé ag dúil leis an todhchaí anois agus braitheann sé gur féidir leis páirt iomlán a ghlacadh sa saol. Deir sé an méid seo a leanas le daoine eile:

"Choinníomar ár gcloigeann sa ghaineamh le níos mó ná 8 mbliana. Nuair a bhuaileamar lenár gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ar deireadh, thug sé na fíricí uile dúinn agus thaispeáin sé an bealach chun cinn dúinn. Molaim do dhaoine dul i dteagmháil le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta agus an rud céanna a dhéanamh. Mar a tharla, chuaigh níos lú ná bliain amháin thart ó bhuaileamar le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta den chéad uair go dtí go raibh ár morgáiste ar an aon rud amháin a bhí le híoc againn"

Tá na cás-staidéir seo bunaithe ar agallaimh a rinneadh thar an teileafón le daoine aonair ar éirigh leo comhshocraíocht a chur i gcrích sa bhliain 2018. Athraíodh mionsonraí áirithe chun aitheantas na ndaoine a chosaint

9 Geallsealbhóirí

Le linn na bliana, lean an tSeirbhís Dócmhainneachta ag dul i dteagmháil le geallsealbhóirí chun a chinntiú go gcoinnítear iad go léir ar an eolas faoi fhorbairtí sa timpeallacht shíorathraitheach dócmhainneachta pearsanta.

An Coiste Maoirseachta ar Phrótacail

Bunaíodh an coiste sa bhliain 2015 chun faireachán agus cur chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme praiticiúil na bProtocal um Fhógraí Faoisimh Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta5 ar chomhaontaigh na geallsealbhóirí éagsúla iad ar mhaithe le feabhas a chur ar oibriú foriomlán an chreata dócmhainneachta atá i bhfeidhm. Tagann an coiste le chéile ar bhonn tréimhsiúil agus déanann a chuid comhaltaí ionadaíocht do chreidiúnaithe, do ghrúpaí féichiúnaithe, do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus do dhaoine eile. Ó bunaíodh an coiste, tháinig athruithe ar an tírdhreach eacnamaíoch agus ar chineál na ngeallsealbhóirí atá le fáil ann (i.e. an rannpháirtíocht mhéadaitheach ó chistí infheistíochta agus ó ghnólachtaí seirbhísithe creidmheasa). Tháinig athrú leanúnach ar an gcleachtas dócmhainneachta le linn na tréimhse freisin. Dá bhrí sin, ag deireadh na bliana 2018, iarradh léirithe spéise ó dhaoine/eagraíochtaí ábhartha atá cáilithe go cuí ar mhaithe le comhaltas an choiste a leathnú. Bunaíodh dhá ghrúpa oibre faoin gCoiste Maoirseachta ar Phrótacail sa bhliain 2018 chun na nithe seo a leanas a bhreithniú: (i) teimpléad um chruthúnas ar fhiachas; agus (ii) doiciméid athbhreithnithe/athraithe bhliantúil agus sceideal íocaíochtaí díbhinne.

An Grúpa Maoirseachta ar Sprioc-Amlínte do Dheimhnithe Cosantacha

Mar fhreagairt do na moilleanna a bhí ann ar Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta a phróiseáil, cuireadh Grúpa Maoirseachta ar Sprioc-Amlínte do Dheimhnithe Cosantacha6 ar bun go luath sa bhliain 2018 chun feabhas a chur ar a éifeachtúla agus a thrédhearcaí atá an próiseas dócmhainneachta do na geallsealbhóirí uile. Cuimsíonn an grúpa ionadaí do chreidiúnaithe (Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí Éireann (BPFI)), ionadaí do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus ionadaí don tSeirbhís Dócmhainneachta (an Ceann Beartais agus Rialála) agus thionóil sé an chéad chruinniú dá chuid an 23 Bealtaine 2018. Is iad téarmaí tagartha comhaontaithe an ghrúpa ná "maoirseacht a dhéanamh ar an Sprioc-Amlíne do Dheimhnithe Cosantacha agus dul i ngleic le haon bhaic a thagann chun cinn". Áirítear iad seo a leanas leis na príomh-shaincheisteanna ar thug an grúpa aghaidh orthu le linn na gceithre chruinniú a bhí aige go dtí seo:

- An ceanglas atá ar an gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta a mhíniú don chreidiúnaí cén fáth a bhfuil an féichiúnaí sásta comhoibriú anois, go háirithe i gcás féichiúnaí nach ndearna aon iarracht comhoibriú leis an gcreidiúnaí roimhe sin.
- Na dúshláin atá roimh chreidiúnaithe maidir le doiciméad comhlánaithe 'Cruthúnas ar Fhiachas' a sholáthar laistigh de 15 lá, in éineacht le luachálacha reatha ábhartha agus le mionsonraí faoin dóigh a bhfuil sé beartaithe acu an fiachas a láimhseáil. Tá samplaí de dhea-chleachtas á gcur le chéile faoi láthair.
- An dóigh a bhfuiltear ag cloí leis an gceanglas atá ann dréacht-togra a scaipeadh ar chreidiúnaithe laistigh de 35 lá agus na dúshláin a chruthaíonn sé sin do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta.
- Iniúchadh ar an dearcadh atá ag creidiúnaithe go bhfuil fiachas urraithe á dhíluacháil ina mhargadhluach reatha i gcásanna áirithe, beag beann ar an inacmhainneacht agus ar sheasamh na gcreidiúnaithe neamhurraithe
- An rannpháirtíocht iomlán ó chreidiúnaithe agus ó Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta sa Chomhaontú Cumarsáide Leictreonaí faoi alt 134.

5 Féach http://www.isi.gov.ie/EN/ISI/PAGES/FINALISED_PROTOCOL

6 Féach https://www.isi.gov.ie/en/ISI/e-brief%20March%202018.pdf/Files/e-brief%20March%202018.pdf

7 Féach http://www.isi.gov.ie/EN/ISI/PAGES/STAKEHOLDER_INFORMATION

An rChoimre do Gheallsealbhóirí

Bíonn an foilseachán ráithiúil seo ina mhodh ríthábhachtach cumarsáide idir an tSeirbhís Dócmhainneachta agus an mórphobal geallsealbhóirí. Is é aidhm na rChoimre forbhreathnú beacht a thabhairt ar na gníomhaíochtaí atá ar bun laistigh den tSeirbhís Dócmhainneachta agus ar fhorbairtí tábhachtacha eile ar mhaithe le forbairt leanúnach an chreata dócmhainneachta pearsanta a éascú. Go háirithe, achoimrítear san rChoimre na mionsonraí is tábhachtaí faoi na breitheanna a tugadh i gcásanna cúirte ábhartha chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna ar ábhair spéise iad. Nuashonraíodh an rannán 'Faisnéis do Gheallsealbhóirí' ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta chun rochtain níos éasca a thabhairt ar na rChoimrí agus chun naisc a thabhairt chuig na lántéacsanna de chásanna cúirte ábhartha[7].

Ceardlanna ar an bPróiseas Dócmhainneachta Pearsanta do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta

Mar chomhlacht rialála, shainaithin an tSeirbhís Dócmhainneachta le himeacht ama roinnt ceisteanna agus saincheisteanna praiticiúla a thagann chun cinn go minic laistigh den phróiseas dócmhainneachta pearsanta do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus dá bhfoireann (nuair is infheidhme).

Chun deis a thabhairt don phobal aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin le chéile ar mhaithe le feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán an phróisis dócmhainneachta do na geallsealbhóirí uile, reáchtáil an tSeirbhís Dócmhainneachta cúig sheisiún ceardlainne idirghníomhacha idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2018 mar chuid den chlár forbartha gairmiúla leanúnaí do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta. Glacadh go maith leis na ceardlanna agus tugadh deis do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus dá bhfoireann lena linn idirghníomhú go díreach le foireann na Seirbhíse Dócmhainneachta ar na saincheisteanna praiticiúla agus riaracháin ar tháinig siad orthu sa phróiseas dócmhainneachta. Bhí deis ag na rannpháirtithe freisin a dtaithí phraiticiúil luachmhar féin a chomhroinnt agus na deiseanna agus na dúshláin atá ann sa réimse dócmhainneachta pearsanta a shainaithint. Táthar ag súil, mar thoradh ar na ceardlanna sin, go dtarchuirfear iarratais níos éifeachtúla chuig an gcúirt, go laghdófar an líon cásanna a chuirtear ar atráth sa chúirt agus go mbeidh tuilleadh muiníne ag creidiúnaithe as na hiarratais a chuirtear i láthair thar ceann féichiúnaithe.

Cás-Staidéar 2 ar Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta

Chuaigh John agus Sarah i gcruachás den chéad uair nuair a chaill John a phost.

Agus roinnt leanaí cleithiúnacha acu, leanbh a bhfuil riachtanais speisialta aige ina measc, bhí an saol deacair dóibh. Sheachain Sarah an fhadhb agus rinne sí iarracht John a chosaint ar an strus trí litreacha ó chreidiúnaithe a cheilt uaidh.

D'inis sí do John go raibh gach rud go breá. 'Ach ní raibh an scéal go breá. Bhíomar i gcor brónach'.

Thug fear cuairt ar an áras lá amháin, agus litir ina sheilbh. Nuair a léigh John an litir, thuig sé tromchúis na faidhbe agus fuair sé amach nár chomhoibrigh siad leis na creidiúnaithe. D'iarr an lánúin cabhair ó MABS ar an gcéad ásc agus fuair siad amach ansin go raibh cabhair ar fáil trí Scéim Abhaile.

Roimhe sin, cheap siad go mbeadh siad ag tabhairt na n-eochracha ar ais agus nach mbeadh aon áras acu dá leanaí. Bhuail siad le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ansin. Ghlac siad leis an gcomhairle buiséadaithe ó MABS agus iad i dteagmháil leis an gCleachtóir.

Bhí Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta i bhfeidhm acu laistigh de 5 mhí ansin agus chuir siad an Chomhshocraíocht i gcrích i lár na bliana 2018. Bhí lúcháir an domhain ar an lánúin nuair a chuala siad gur comhaontaíodh an togra le creidiúnaithe. Bhí gach rud ina gceart agus 'fúinn féin a bhí sé cloí lenár ngealltanais'.

Tá bunathrú chun feabhais tagtha ar an saol ó shin i leith. Tá siad sásta agus d'fhoghlaim siad gur gá dóibh bheith cúramach agus iad ag buiséadú.

> ***'Tá ciste sóisialta againn anois, rud nach raibh againn riamh! Um Nollaig, chuamar amach ag déanamh siopadóireachta leis na leanaí agus thaitin sé sin go mór linn. D'itheamar amach i mbialann, fiú. Bheimis cloíte murach an chabhair a fuaireamar agus na daoine ar bhuaileamar leo. Níor thug aon duine breithiúnas orm. Bhí siad cothrom agus bhí siad sásta cabhair a thabhairt.'***

Deir Sarah an méid seo a leanas le daoine eile:

> ***'ná seachnaígí an fhadhb, mar a rinne mé féin. Is gá daoibh dul i ngleic léi agus leas a bhaint as an gcabhair atá ar fáil daoibh. Ní gá daoibh cur suas leis an imní – a fhágann nach gcodlaíonn sibh nó nach n-itheann sibh mar is ceart. Táimid níos fearr mar lánúin anois freisin. Is foireann níos láidre sinn. Déanaimid an buiséadú le chéile!'***

Tá na cás-staidéir seo bunaithe ar agallaimh a rinneadh thar an teileafón le daoine aonair ar éirigh leo comhshocraíocht a chur i gcrích sa bhliain 2018. Athraíodh mionsonraí áirithe chun aitheantas na ndaoine a chosaint.

Teagmháil leis an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS)

D'athraigh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh na socruithe rialachais atá ar bun aige do MABS, ó sheirbhís a úsáideann aon cheann is caoga de chuideachtaí soláthar seirbhíse ar leith ina seirbhís a chloíonn le samhail ocht réigiún. Is é aidhm an athraithe sin feabhas a chur ar a éifeachtaí atá timpeallacht rialaithe, bainistíocht airgeadais agus rialachas líonra MABS, a fhaigheann a chistiú ar fad ón stát. Cuireadh na chéad chinn de chuideachtaí réigiúnacha MABS ar bun an 16 Aibreán 2018. Tá gach ceann de na hocht gcuideachta i bhfeidhm anois agus d'údaraigh an tSeirbhís Dócmhainneachta iad mar Idirghabhálaithe Ceadaithe. Ós rud é gur tháinig athrú ar struchtúr réigiúnach MABS agus go mbíonn cleachtais dócmhainneachta pearsanta ag athrú i gcónaí, mheas an tSeirbhís Dócmhainneachta gur thráthúil an rud é dul i mbun dlúth-idirchaidrimh lena cuid comhghleacaithe i MABS ag deireadh na blianta 2018 maidir leis an raon iomlán roghanna dócmhainneachta pearsanta atá ar fáil.

'ná seachnaígí an fhadhb, mar a rinne mé féin. Is gá daoibh dul i ngleic léi agus leas a bhaint as an gcabhair atá ar fáil daoibh. Ní gá daoibh cur suas leis an imní – a fhágann nach gcodlaíonn sibh nó nach n-itheann sibh mar is ceart. Táimid níos fearr mar lánúin anois freisin. Is foireann níos láidre sinn. Déanaimid an buiséadú le chéile!'

Tá na cás-staidéir seo bunaithe ar agallaimh a rinneadh thar an teileafón le daoine aonair ar éirigh leo comhshocraíocht a chur i gcrích sa bhliain 2018. Athraíodh mionsonraí áirithe chun aitheantas na ndaoine a chosaint.

Teagmháil le Creidiúnaithe

Treocht shuntasach le linn na bliana ba ea iasachtaí a dhíol le gnólachtaí infheistíochta. Sealbhaíonn gnólachtaí infheistíochta mórphunanna fiachais phearsanta neamhthuillmhigh ar a leabhair iasachta agus tuigeann siad anois na tairbhí agus na torthaí airgeadais is féidir a bhaint as déileáil le fiachas den sórt sin ar bhealach struchtúrtha ach úsáid a bhaint as na roghanna dócmhainneachta pearsanta atá ar fáil. Gné lárnach den Acht is ea go dtugtar d'fhéichiúnaithe na cosaintí céanna agus an deis chéanna chun leas a bhaint as réiteach dócmhainneachta beag beann ar an gcineál creidiúnaí a bhfuil airgead acu air (i.e. is cuma cé acu atá an creidiúnaí ina bhanc príomhcholúin, ina chiste infheistíochta, ina chomhar creidmheasa, ina chuideachta fóntais, etc.). Tá sé sin ar cheann de na tairbhí is mó atá i gceist leis an gcóras nua d'fhéichiúnaithe agus d'aon tríú páirtí atá ag tabhairt comhairle dóibh i gcomhthéacs na n-iasachtaí atá á ndíol le cistí infheistíochta nó le rudaí ar a dtugtar "creach-chistí".

Tionóladh sraith cruinnithe comhphlé idir an tSeirbhís Dócmhainneachta agus roinnt de na príomhiasachtóirí miondíola, de na príomhghnólachtaí seirbhísithe agus de na príomhchistí le linn na bliana. Ba é aidhm na gcruinnithe sin bealach oscailte cumarsáide a chinntiú trína bhféadfaí treochtaí agus aiseolas a chomhroinnt agus plé a dhéanamh ar na dúshláin agus na deiseanna a thiocfaidh chun cinn de réir mar a leanann an creat dócmhainneachta ag forbairt. I measc na míreanna is suntasaí a pléadh bhí na hagóidí teicniúla a rinneadh i gcomhthéacs athbhreithnithe alt 115A agus a mhionchruinne a bhí obair Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta áirithe. Tá sé beartaithe dul i mbun tuilleadh teagmhála.

Cumainn Idirnáisiúnta

I mí na Bealtaine 2018, d'óstáil an tSeirbhís Dócmhainneachta comhdháil bhliantúil na Náisiún Baile de chuid Chumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta. Rinneadh ionadaíocht do na rialálaithe dócmhainneachta i dTuaisceart Éireann, in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag ag an gcomhdháil, a raibh mar aidhm léi eolas, saineolas, uirlisí agus modheolaíochtaí a mhalartú8. Tríd is tríd, tá méadú suntasach tagtha ar an líon saoránach atá ag baint leas as réitigh dhócmhainneachta pearsanta sna náisiúin a ndearnadh ionadaíocht dóibh ag an gcomhdháil. I ngach ceann de na náisiúin, is cosúil nach bhfuil fonn ar an lucht polaitíochta leasuithe a dhéanamh ar an reachtaíocht, de réir mar a athraíonn na cleachtais agus na saincheisteanna i ndócmhainneacht phearsanta agus i ndócmhainneacht chorparáideach araon. I gcomhthráth leis an gcomhdháil, rinne foireann imscrúdaithe Rannóg Féimheachta na Seirbhíse Dócmhainneachta óstáil ar cheardlann a raibh mar aidhm léi cleachtas agus cur chuige a chomhroinnt, go háirithe ó thaobh aisghabháil sócmhainní agus imscrúduithe de. I measc na míreanna a pléadh bhí próifíliú riosca, spriocdhíriú cásanna agus smachtbhannaí féimheachta. Thug an chomhdháil sárdheis chun dea-chleachtas a chomhroinnt le comhghleacaithe. D'fhreastail an tSeirbhís Dócmhainneachta ar mhórchomhdháil bhliantúil Chumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta i mí Dheireadh Fómhair freisin, áit ar thug sí láithreoireacht ar Chomhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta[9].

8 Féach https://www.insolvencyreg.org/events/6-nations-networking-2018-dublin-ireland

9 Féach https://www.insolvencyreg.org/events/iair-annual-conference-and-agm-2018-mauritius

10 An tEolas Corparáideach is Déanaí

Soláthar Foirne

Tá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta riachtanas oibriúcháin le 86.5 ball foirne. Agus patrúin oibre á gcur san áireamh, bhí 77.3 coibhéis lánaimseartha fostaithe sa tSeirbhís Dócmhainneachta ag an 31 Nollaig 2018.

Léirítear sa tábla thíos an líon ball foirne (mar choibhéisí lánaimseartha) agus iad miondealaithe ina rannóga difriúla.

Miondealú Rannóige	
Stiúrthóir	1
Féimheacht	39.8
Bainistíocht Cásanna	21.5
Beartas agus Rialáil	7
Seirbhísí Dlí	2
Gnóthaí Corparáideacha	5
IOMLÁN	**76.3 Coibhéis Lánaimseartha**

An Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit

Gan aon Bhord Reachtúil a bheith aici, tá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta Foireann Ardbhainistíochta a thagann le chéile faoi chathaoirleacht ag an Stiúrthóir. Is é ról na foirne ceannaireacht, treo, tacaíocht agus treoir straitéiseach a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta agus tiomantas a chothú do na croíluachanna, na croíbheartais agus na croíchuspóirí atá aici. Bhí 12 chruinniú ag an bhfoireann sa bhliain 2018. Nuair nach raibh comhalta in ann bheith i láthair ag cruinniú, d'fhreastail ionadaí air ina (h)áit i bhformhór na gcásanna.

An Líon Cruinnithe de chuid na Foirne Ardbhainistíochta ar Freastalaíodh Orthu	
Lorcan O'Connor	12
Christopher Lehane	8
John Farrell	10
Randall Plunkett	4
Liza Doyle	11
Cormac Keating	5
Trevor Noonan	5

Mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta struchtúir agus nósanna imeachta rialachais chorparáidigh a ghlacadh ina n-iomláine chun a chinntiú go gcuireann sí ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh i bhfeidhm ar aon dul leis na ceanglais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Thug an tSeirbhís Dócmhainneachta faoi gach nós imeachta cuí don bhliain 2018 i ndáil le tuairisciú airgeadais, le hiniúchóireacht inmheánach, le soláthar agus le diúscairtí sócmhainní. Tá cuntais agus rialuithe inmheánacha na Seirbhíse Dócmhainneachta faoi réir iniúchadh inmheánach agus seachtrach. Tá an dóigh a riartar eastáit féimheachta faoi réir athbhreithniú neamhspleách freisin, agus eisítear tuarascáil bhliantúil chuig an Ard-Chúirt ina leith. Chomhlíon an tSeirbhís Dócmhainneachta na hoibleagáidí uile atá uirthi faoin dlí cánach.

Comhaontú Maoirseachta

Bhí an tSeirbhís Dócmhainneachta agus an Roinn ina bpáirtí i gComhaontú Maoirseachta don bhliain 2018. Doiciméadaítear sa chomhaontú sin leibhéal comhaontaithe seirbhíse idir na páirtithe. Leagtar amach ann na gealltanais faoi seach ar cheart feidhmíocht a thomhas ina n-aghaidh agus tacaítear leis le daoine aonair dócmhainneacha a dhéanamh sócmhainneach arís, atá ar cheann de na spriocanna ardleibhéil atá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta faoin bPlean Straitéiseach uaithi.

An Cód Caiteachais Phoiblí

Ar fud na bliana, lean an tSeirbhís Dócmhainneachta ar aghaidh ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2018	Buiséad €000	Caiteachas €000	Difríocht €000
PÁ	4,582	3,837	745
NEAMHPHÁ	2,800	2,434	366
IOMLÁN	**7,382**	**6,271**	**1,111**

Tionscadal Phoenix – Córas Nua Próiseála Cásanna

Il mí Eanáir 2018, d'fhoilsigh an tSeirbhís Dócmhainneachta Iarraidh ar Thairiscintí a chloígh leis an nós imeachta Soláthair Oscailte ar shuíomh Gréasáin Tairiscintí an Aontais Eorpaigh. Bhain an Iarraidh sin ar Thairiscintí le Réiteach Bainistíochta Cásanna ar líne agus Seirbhís Ghaolmhar a Sholáthar agus a Chur Chun Feidhme. Fuarthas ceithre fhreagra bhailí faoin dáta deiridh an 16 Márta 2018. Bhí próiseas meastóireachta mionsonraithe ar siúl idir an 20 Márta agus an 20 Aibreán 2018. Reáchtáladh é ar aon dul le treoirlínte ón Aontas Eorpach. Eisíodh litreacha aithrí an 4 Bealtaine agus bronnadh an

conradh le haghaidh sholáthar an chórais nua ar UBERbase Inc.com an 15 Meitheamh 2018. Leithdháil an tSeirbhís Dócmhainneachta acmhainní ar fhoireann tionscadail a oibreoidh i ndlúthchomhar leis an soláthraí chun go ndéanfar soláthar an réitigh a chur i gcrích agus an córas a chur i bhfeidhm faoin gCeathrú Ráithe den bhliain 2019.

Bainistíocht Riosca

Feidhmíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta beartas foirmiúil bainistíochta riosca agus tá clár rioscaí i bhfeidhm aici, i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Coimeádtar an clár ar bhonn leanúnach. Is é an aidhm atá leis an gclár a choimeád ná a chinntiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú agus go ndéanfar bearta maolaitheacha riachtanacha nuair is gá. Tiomsaítear an clár rioscaí thar ceann na Foirne Ardbhainistíochta, a athbhreithníonn na rioscaí ar bhonn míosúil.

Agus iad ag léiriú na bpríomhthosaíochtaí de chuid na heagraíochta, ba iad seo a leanas na príomhrioscaí féideartha ar bhainistigh an tSeirbhís Dócmhainneachta iad sa bhliain 2018:

- Na hagóidí dlíthiúla teicniúla leanúnacha a bhí á dtionscnamh ag creidiúnaithe in aghaidh phróiseas dlíthiúil alt 115A;
- An gá a bhí ann le córas bainistíochta cásanna athsholáthair a sholáthar agus a fhorbairt;
- A inmharthana a bhí samhail gnó na gCleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta.

Cuireadh oiliúint i mbainistíocht riosca ar na baill foirne ábhartha agus tá sé beartaithe tuilleadh oiliúna a chur ar an bhfoireann ar fad sa bhliain 2019. Athraíodh an beartas bainistíochta riosca chun dáta le linn na bliana freisin.

Saoráil Faisnéise

Lean an tSeirbhís Dócmhainneachta ar aghaidh ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá uirthi faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Fuair an tSeirbhís Dócmhainneachta iarraidh saorála faisnéise amháin sa bhliain 2018. Tarraingíodh an iarraidh siar agus déileáladh léi lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise.

Cosaint Sonraí

Cosnaíonn an tSeirbhís Dócmhainneachta iomláine na sonraí a sholáthraíonn ár gcustaiméirí agus tríú páirtithe dúinn. Sa bhliain 2018, leanamar ar aghaidh ag cloí leis an reachtaíocht cosanta sonraí agus leanamar dár n-ullmhúcháin chun lánchomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ón Aontas Eorpach a chinntiú. Tháinig an Rialachán Ginearálta in éifeacht an 25 Bealtaine 2018.

Fuair an tSeirbhís Dócmhainneachta trí iarraidh ar rochtain ar shonraí sa bhliain..

Nochtadh Cosanta

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear ar an tSeirbhís Dócmhainneachta tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar an líon nochtaí cosanta a rinneadh dó agus ar an mbeart, dá mb'ann, a rinneadh mar fhreagairt do na nochtaí cosanta sin.

Níor tugadh fógra don tSeirbhís Dócmhainneachta faoi aon nochtadh cosanta sa bhliain

Cairt Custaiméirí

Tá an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí atá i bhfeidhm ag an tSeirbhís Dócmhainneachta ar fáil ar a suíomh Gréasáin ag www.isi.gov.ie. Leagtar amach sa Chairt na caighdeáin seirbhíse ar féidir le custaiméir a bheith ag súil leo ón tSeirbhís Dócmhainneachta.

Ní bhfuarthas aon ghearáin faoin gcairt um sheirbhís do chustaiméirí sa bhliain 2018.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2018

Ní mór don tSeirbhís Dócmhainneachta tuairisc a thabhairt gach bliain ar úsáid fuinnimh na hoifige agus ar na tionscnaimh a bhítear ag déanamh chun feabhas a chur ar a feidhmíocht fuinnimh. Is é Cormac Keating, an Ceann Beartais, Rialála agus Gnóthaí Corparáideacha, an tOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh ainmnithe don tSeirbhís Dócmhainneachta. Tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Leagtar amach sa tábla thíos an tuairisceán a chuir an tSeirbhís Dócmhainneachta faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) de réir I.R. Uimh. 542 de 2009.

	Leictreachas	Gás
2017	234,614 kWh	314,653 kWh
2018	255,193 kWh	291,116 kWh

Déan Teagmháil Linn

Líne Faisnéise:
076 106 4200 / +353 76 106 4200

Saorthéacs:
Saorthéacsáil 'ISI' chuig 50015 nó
Saorthéacsáil GETHELP chuig 50015

Ríomhphost:
info@isi.gov.ie / press@isi.gov.ie

Suíomhanna Gréasáin:
www.isi.gov.ie / www.backontrack.ie

Facebook:
Back-On-Track

Twitter:
www.twitter.com/ISIbackontrack

Aguisíní

Aguisín 1

Tuilleadh mionsonraí agus na príomhstaitisticí - Fógraí Faoisimh Fiachais, Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta

Aguisín 2

Tuilleadh mionsonraí agus na príomhstaitisticí - Féimheacht

Aguisín 3

Tuilleadh mionsonraí agus na príomhstaitisticí - Beartas agus Rialáil

Aguisín 4

Abhaile

Aguisín 5

Gluais

Aguisín 1

Laghdú 24% ar an líon iarratas nua sa bhliain 2018

Laghdaigh an líon iarratas nua a rinneadh ar na réitigh dhócmhainneachta uile atá ar fáil tríd an tSeirbhís Dócmhainneachta ó 4,626 cinn go 3,503 cinn. Is féidir go bhfuil sé sin ina léiriú ar an líon agóidí dlíthiúla a bhí ar bun in aghaidh gnéithe áirithe den reachtaíocht agus ar an drogall a bhí ar chleachtóirí iarratas nua a chur isteach go dtí go réiteofaí na saincheisteanna sin.



Laghdú 12% ar an líon Deimhnithe Cosantacha sa bhliain 2018

Laghdaigh an líon Deimhnithe Cosantacha a eisíodh sa bhliain ó 2,198 gcinn go 1,958 gcinn. Is dóigh gur tháinig an laghdú sin chun cinn mar thoradh ar an laghdú a bhí ann ar iarratais nua sa bhliain 2018. Is príomhtháscaire é sin ar fhéichiúnaithe a dhéanfaidh Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta tar éis tréimhse ama.



Méadú 18% ar an líon Comhshocraíochtaí ar cheadaigh an Chúirt iad sa bhliain 2018

Mhéadaigh an líon Comhshocraíochtaí a ceadaíodh sa bhliain ó 1,115 cinn go 1,312 cheann. Ós rud é gur tháinig an neamhchinnteacht maidir leis an tsaincheist locus standi chun deiridh, is féidir gur tháinig an méadú chun cinn mar thoradh ar an méadú a bhí ann ar an líon cásanna a bhí á gceadú trí shásra athbhreithnithe alt 115A agus ar an tuiscint mhéadaithe a bhí ann ar cé na gnéithe de réiteach ar dóigh d'fhéichiúnaithe agus do chreidiúnaithe araon glacadh leo.



Comhshocraíochtaí a Cuireadh i gCrích go Rathúil



Chuir 752 dhuine aonair comhshocraíochtaí i gcrích go rathúil sa bhliain 2018. Bhí éagsúlacht ann sa mheánfhad ama a caitheadh i gcomhshocraíocht, ag brath ar an gcineál comhshocraíochta a bhí i gceist.



Bíonn ag méadú ar an líon comhshocraíochtaí níos giorra a bhítear ag déanamh. Mairfidh 42% de na Comhshocraíochtaí Dócmhainneachta Pearsanta a comhaontaíodh sa bhliain 2018 níos lú ná Bliain Amháin ar fad. Is ionann an figiúr sin agus 41% i gcás Comhshocraíochtaí Socraíochta Fiachais.

Aguisín 2

Laghdú 16% ar an líon cásanna féimheachta sa bhliain 2018

Tháinig laghdú 16% ar an líon féimheachtaí nua i mbliana, ó 473 cinn (2017) go 397 gcinn. Is laghdú 25% é sin freisin ar an bhfigiúr don bhliain 2016 (526 fhéimheacht, an líon ab airde riamh a taifeadadh in aon bhliain amháin).

Féinbhreithnithe a bhí i 94% de na hiarratais ar fhéimheacht a rinneadh sa bhliain 2018. B'ionann agus 373 dhuine an líon féichiúnaithe a rinne achainí chuig an Ard-Chúirt ar son a bhféimheachta féin sa bhliain 2018, i gcomparáid le 432 fhéichiúnaí sa bhliain 2017 - ar figiúr é atá cothrom le laghdú 59 bhféichiúnaí (nó laghdú 13.7%). Thionscain creidiúnaithe 24 fhéimheacht sa bhliain 2018, i gcomparáid le 41 cheann sa bhliain 2017. Bíonn sé casta féimheachtaí den sórt sin a riar.



Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, i gcomparáid leis an Ríocht Aontaithe (Sasana agus an Bhreatain Bheag), Albain agus Tuaisceart Éireann (atá ar na dlínsí inchomparáide is gaire dúinn), gur ráta fíor-íseal de dhaonra an phobail é ráta féimheachta na hÉireann de réir an daonra (bunaithe ar an daonra iomlán in aghaidh na tíre).

Rátaí Féimheachta mar % de réir an Daonra sa bhliain 2017 – Dlínsí atá Inchomparáide le hÉirinn

Dlínse	Féimheachtaí	Céatadán den Daonra
Éire	473	0.001%
An Ríocht Aontaithe (Sasana agus an Bhreatain Bheag)	15,082	0.026%
Albain (Forlámhuithe)	4,614	0.085%
Tuaisceart Éireann	812	0.043%

Árais Teaghlaigh/Príomháiteanna Cónaithe Príobháideacha

Athdhílsíodh 120 ceann d'árais teaghlaigh/de phríomháiteanna cónaithe príobháideacha don iarfhéimheach faoin riail 3 bliana sa bhliain 2018. Rinne an Sannaí Oifigiúil 17 n-iarratas alt 61(4) chun a leas san áras teaghlaigh/sa phríomháit chónaithe phríobháideach a dhíol sa bhliain 2018. Chuir an Rannóg Féimheachta 10 gcomhshocraíocht i gcrích leis an iarfhéimheach nó leis an gcéile i dtaca leis na réadmhaoine sin. Ní dhearnadh aon iarratais ar dhíol éigeantach sa bhliain 2018.

Imscrúduithe agus Aisghabháil Sócmhainní

Is é atá i bhféimheacht ná próiseas ina dtugtar faoiseamh fiachais d'fhéichiúnaithe agus ina n-aistrítear a sócmhainní go léir chuig an Sannaí Oifigiúil ag an am céanna. Chun sláine an chórais a chothabháil, caithfidh féimhigh nochtadh iomlán a dhéanamh agus comhoibriú leis an Sannaí Oifigiúil. Leanfaidh Rannóg Féimheachta na Seirbhíse Dócmhainneachta dá beartas um aisghabháil aon sócmhainní neamhdhearbhaithe a shaothrú go bríomhar. .

Ag deireadh na bliana 2018, bhí breis agus 210 imscrúdú ar siúl. I roinnt mhaith cásanna, sainaithníodh in imscrúduithe go raibh sócmhainní neamhnochta ann, lenar áiríodh cuntais bhainc, carranna, réadmhaoine, ioncam cíosa agus aistrithe sócmhainní roimh fhéimheacht. I gcás amháin ina aonar, aisghabhadh €3.8m toisc gur go rathúil a cosnaíodh éileamh a thionscain tríú páirtí in aghaidh sócmhainní féimheachta.

Forfheidhmiú agus Comhlíonadh

I mí Lúnasa 2018, cuireadh Foireann nua Forfheidhmithe agus Comhlíonta ar bun chun na cúraimí seo a leanas a chomhlíonadh: cásanna Creidiúnaí Achainíoch a bhainistiú; réadmhaoine a bhfuil leas cíosa ag an Sannaí Oifigiúil iontu a bhainistiú; sócmhainní féimheachta a iniúchadh agus gabháil sócmhainní a dhéanamh in situ; a chinntiú go gcomhlíonfaidh féimhigh téarmaí a bhféimheachta; agus a chinntiú go gcomhoibreoidh siad go hiomlán leis an Oifig. Le linn na bliana, ba iad nósanna imeachta i gcás neamh-chomhoibriú ba chúis le horduithe um fhaduithe ar an téarma féimheachta i 19 gcás. Maidir leis na 19 n-ordú sin, orduithe eatramhacha a bhí in 12 cheann díobh agus orduithe deiridh a bhí i 7 gcinn díobh. Ba le haghaidh na bhfad seo a leanas a bhí téarmaí na n-orduithe deiridh um fhaduithe a deonaíodh: 10 mí, 2 bhliain, 6 bliana, 8 mbliana, 9 mbliana (in dhá chás), agus 11 bhliain is 9 mí.

Réadú Sócmhainní

Réadaíodh sócmhainní dar luach €11.1m ina 195 eastát féimheachta. Fuarthas €1.9m ó shócmhainní do-aistrithe a dhíol agus fuarthas €9.2m ó shócmhainní do-aistrithe. Bhain na figiúirí leo seo a leanas go sonrach:

- Fuarthas €3.4m ó 24 phlean pinsin dhifriúla. Mar sin féin, ba ó eastát amháin a fuarthas 83%, nó €2.8m, den fhigiúr sin. Táthar ag súil go mbeidh méadú ann ar an bhfigiúr sin sa bhliain 2019 mar thoradh ar chomhoibriú méadaithe ó sholáthraithe pinsin;
- Réadaíodh €1.9m ó 93 dhíolachán talún agus foirgneamh;
- Réadaíodh €1.7m ó scaireanna i 29 gcuideachta a dhíol. Mar sin féin, ba ó eastát amháin ina aonar a fuarthas €1.6m den fhigiúr sin;
- Íocadh €953,823 ó 113 chuntas bainc. Mar sin féin, fuarthas €834,000 ó eastát amháin ina aonar;
- Fuarthas fiachais dhlite a bhí cothrom le €468,361 ó 68 bhféichiúnaí d'eastáit féimheachta..

	Méid €'000
Tiontú Pleananna Pinsean ina nAirgead	€3,389
Fáltais ó Thalamh agus Foirgnimh	€1,932
Díbhinní ó Urrúis	€1,655
Íocaíochtaí faoi Chomhaontú Íocaíochta Ioncaim/Ordú Íocaíochta Féimheachta	€1,073
Íocaíochtaí ó Chuntais Institiúidí Airgeadais	€954
Díol Gnó	€700
Ioncam cíosa ó réadmhaoine	€615
Fáltais ó Fhiachais Dhlite	€468
Ioncam Ilghnéitheach	€140
Díol Mótarfheithiclí	€86
Cistí Cánach a bhí infhaighte	€66
Díol Sócmhainní Ilghnéitheacha Eile	€45
Díol Ábhar - Áras Teaghlaigh	€43
Tiontú Polasaithe Beatha ina nAirgead	€15
Aisíocaíochtaí Caipitil Sócmhainní Infheistíochta	€8
Díol Ábhar - Réadmhaoin Infheistíochta	€3
Ús Bainc	-€53
	€11,139

Íoc Díbhinní

Rinneadh díbhinní arbh ionann a n-iomlán carnach agus thart ar €882,000 le 61 chreidiúnaí i 15 chás faoi dheireadh na bliana

Ordú Íocaíochta Féimheachta

Is é is Orduithe Íocaíochta Féimheachta ann ná orduithe ón gCúirt go n-íocfadh an féimheach suim shainithe ar bhonn míosúil leis an Sannaí Oifigiúil ar feadh tréimhse trí bliana ar a mhéad. Déantar méid an ordaithe a ríomh a bheith cothrom le barrachas ioncam míosúil an fhéimhigh thar na caiteachais mhaireachtála réasúnacha a cheadaítear dó/di faoi na Treoirlínte maidir le Caiteachais Mhaireachtála Réasúnacha (arna n-eisiúint ag an tSeirbhís Dócmhainneachta) agus aon chaiteachais incheadaithe imthosca speisialta.

Sa bhliain 2018, cuireadh 41 Ordú Íocaíochta Féimheachta (agus 5 athrú ar Orduithe Íocaíochta Féimheachta) i bhfeidhm tríd an Ard-Chúirt, rud a d'fhág go raibh meánfhigiúr míosúil a bhí cothrom le €878.72 in aghaidh an cháis á chur ar fáil le leas creidiúnaithe.

Aguisín 3

Tuilleadh mionsonraí agus na príomhstaitisticí - Beartas agus Rialáil

Achoimre ar stádas na nÚdaruithe	
Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta Údaraithe ag deireadh na bliana	110
Údaruithe nua sa bhliain 2018	6
Athnuachan údaruithe sa bhliain 2018	8
Neamhathnuachan údaruithe sa bhliain 2018	4
Scor d'údarú roimh dhul as feidhm	2
Idirghabhálaithe Ceadaithe ag deireadh na bliana	13
Údaruithe daoine freagracha a bhí nasctha le hIdirghabhálaithe Ceadaithe	139

De ghnáth, is ar feadh trí bliana a mhaireann údarú mar Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta. Ós rud é gur deonaíodh na chéad údaruithe do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta sa bhliain 2013, ba í seo an tríú bliain ina bhfuair an tSeirbhís Dócmhainneachta iarrataí ar údaruithe a athnuachan.

Tá freagracht reachtúil ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh as líonra náisiúnta na Seirbhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid. D'athraigh Bord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a shocruithe rialachais don tSeirbhís sa bhliain. D'athraigh sé iad ó 51 chuideachta soláthar seirbhíse aonair a úsáid go samhail 8 réigiún a úsáid, rud a laghdaigh an líon Idirghabhálaithe Ceadaithe ó bhí an tuarascáil bhliantúil dheireanach ann.

Aguisín 4

Abhaile

Réamhrá

I mí Lúil 2016, sheol an rialtas Abhaile, an scéim a bhfuil mar aidhm léi cabhrú le húinéirí tí teacht ar réiteach ar riaráiste morgáiste tí. Soláthraíonn sé raon seirbhísí chun cabhrú le daoine atá i riaráiste morgáiste agus tairgeann sé rochtain saor in aisce ar chomhairle maidir le cúrsaí airgeadais, dlí agus dócmhainneachta..

Aschuir ó Scéim Abhaile

Leibhéal fiachais ó sheoladh na scéime go dtí mí na Nollag 2018



- B'ionann agus €4.02 billiún luach iomlán an fhiachais iasachtaithe do na 7,864 dhearbhán.
- B'ionann agus €489 milliún cothromas diúltach iomlán na n-iasachtaithe. Is é is cothromas diúltach ann ná an difríocht idir luach iomlán mhorgáistí na n-iasachtaithe ar na hárais teaghlaigh agus margadhluach reatha iomlán árais teaghlaigh na n-iasachtaithe sin.

Fad an Riaráiste Morgáiste ó sheoladh na scéime go dtí mí na Nollag 2018



- Maidir le 71% d'iasachtaithe (5,591 iasachtaí de 7,864 iasachtaí), bhí siad i riaráiste morgáiste ar feadh níos mó ná dhá bhliain..
- Is í an chatagóir breis agus dhá bhliain de riaráiste morgáiste an chatagóir is moille laghdú le blianta beaga anuas agus is í an chatagóir is doilí í do chreidiúnaithe maidir le comhoibriú a fháil ón iasachtaí.

Cúis le Comhoibriú Iasachtaithe ó sheoladh na scéime go dtí mí na Nollag 2018



- I gcás pas beag níos lú ná leath na n-iasachtaithe, bhí siad os comhair na gCúirteanna Athshealbhaithe (16%) nó tarchuireadh iad ó MABS (32%).

Miondealú ar na moltaí ó Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta ó sheoladh na scéime go dtí mí na Nollag 2018



- Is é an príomh-aschur ó chomhairliúchán le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ná an gníomh molta ba cheart don iasachtaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar a d(h) eacrachtaí airgeadais.
- Is féidir an moladh ón gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta a mhiondealú ina thrí chatagóir:
  - Moladh gur cheart do 66% d'iasachtaithe Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta a lorg ach iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Cosantach.
  - Moladh gur cheart do 27% d'iasachtaithe comhoibriú leis an iasachtóir urraithe, lena n-áirítear chun téarmaí an mhorgáiste a ath-idirbheartú. De bhreis air sin, ba cheart do 1% eile díobh iarratas a dhéanamh ar an scéim Cíos in ionad Morgáiste.
  - Moladh, a bhfuil ráiteas scríofa atá sínithe ag an gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ag gabháil leis, gur cheart do 4% d'iasachtaithe achainí a dhéanamh ar son féimheachta.
- Tharchuir an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta líon beag cásanna (2%) chuig MABS.

Torthaí ar Scéim Abhaile

Faoin scéim, aontaíonn an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta le cruinniú a reáchtáil leis an iasachtaí, scrúdaíonn sé/sí cor airgeadais an iasachtaí agus cabhraíonn sé/sí leis an iasachtaí a Ráiteas Airgeadais Forordaithe a chomhlánú. Tar éis dó/di cúinsí airgeadais an iasachtaí a athbhreithniú, déanann an Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta moladh don iasachtaí chun aghaidh a thabhairt ar a d(h) eacrachtaí airgeadais. Is é cuspóir an rannáin seo a scrúdú cad a tharla don fhéichiúnaí tar éis moladh ó Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta. Ní fhéadfar scrúdú den sórt sin a dhéanamh ach amháin go cúlghabhálach ós rud é go léirítear i sonraí ón tSeirbhís Dócmhainneachta gurb amhlaidh, maidir le cásanna Abhaile ar thángthas ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta iontu, gur thóg sé pas beag níos mó ná trí mhí chun Deimhniú Cosantach a fháil agus gur thóg sé ceithre mhí sa bhreis chun ceadú do chomhshocraíocht a fháil ón gcúirt.

Anailís ar Thorthaí ar 803 iasachtaí

Léirítear san fhíor thíos anailís a rinne an tSeirbhís Dócmhainneachta i mí Lúil 2018 ar stádas reatha na 803 iasachtaí a raibh comhairliúchán acu le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta sa Tríú Ráithe den Bhliain 2017.



- Tá réiteach i bhfeidhm ag 242 iasachtaí – tá Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta i bhfeidhm ag 160 duine, tháinig 66 dhuine ar réiteach neamhfhoirmiúil agus breithníodh 16 iasachtaí ina bhféimheach.
- Tá 269 n-iasachtaí ag obair lena gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta chun teacht ar réiteach foirmiúil – tá 72 dhuine i mbun phróiseas athbhreithnithe alt 115A, tá réiteach foirmiúil á bhreithniú ag 169 nduine agus tá féimheacht á breithniú ag 28 nduine.
- Tá 104 iasachtaí ag obair lena gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta chun comhshocraíocht neamhfhoirmiúil a bhaint amach, lena n-áirítear 30 duine a bhfuil an rogha 'Cíos in ionad Morgáiste' á lorg acu. Tarchuireadh 30 duine eile ar ais chuig MABS chun tacaíocht a fháil uaidh.
- Ní dhearna 134 iasachtaí aon bheart eile tar éis dóibh comhairle a fháil ó Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta.
- Ghéill 18 n-iasachtaí a n-áras go deonach agus athshealbhaíodh an t-áras teaghlaigh a bhí ag seisear iasachtaithe. Ag brath ar a (h)imthosca, d'fhéadfadh gur thoradh fabhrach don iasachtaí a bheadh ina n-áras a ghéilleadh go deonach.

Deimhnithe Cosantacha arna moladh ag Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta

Cuirtear i láthair san fhíor thíos anailís ar stádas reatha na 539 gcás inar mhol Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta sa Tríú Ráithe den bhliain 2017 go ndéanfadh iasachtaí, ina (h)aonar nó ar bhonn comhpháirteach, iarratas ar Dheimhniú Cosantach.

Stádas an iasachtaí i mí Iúil 2018



- Ba é an toradh a bhí ar an 184 Dheimhniú Chosantacha a moladh ná gur cuireadh 154 Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta i bhfeidhm, gur thángthas ar 24 réiteach neamhfhoirmiúla agus gur breithníodh seisear iasachtaithe ina bhféimheach.
- Tá 214 iasachtaí ag obair lena gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta chun teacht ar réiteach foirmiúil – tá 72 dhuine i mbun phróiseas athbhreithnithe alt 115A, tá réiteach foirmiúil á bhreithniú ag 135 dhuine agus tá féimheacht á breithniú ag seachtar.
- Tá 53 iasachtaí ag obair lena gCleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta chun comhshocraíocht neamhfhoirmiúil a bhaint amach, lena n-áirítear 17 nduine a bhfuil an rogha 'Cíos in ionad Morgáiste' á lorg acu. Tarchuireadh 17 nduine eile ar ais chuig MABS chun tacaíocht a fháil uaidh.
- Ní dhearna 63 iasachtaí aon bheart eile tar éis dóibh comhairle a fháil ó Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta.
- Ghéill ochtar iasachtaithe a n-áras go deonach. Ag brath ar a (h)imthosca, d'fhéadfadh gur thoradh fabhrach don iasachtaí a bheadh ina n-áras a ghéilleadh go deonach.

Anailís ar Chomhshocraíochtaí

Maidir leis na cásanna sin inar moladh Deimhniú Cosantach, taifeadadh ar chóras na Seirbhíse Dócmhainneachta gur tháinig comhshocraíochtaí rathúla as 128 gcinn díobh.

Láimhseáil Príomháiteanna Cónaithe Príobháideacha



- Bhí formhór mór na n-iasachtaithe (95%) in ann fanacht ina n-áras teaghlaigh, rud a léiríonn go bhfuil ag éirí leis an scéim ceann amháin de na príomhthosaíochtaí atá léi a bhaint amach, is é sin, iasachtaithe a choinneáil ina n-áras teaghlaigh.
- Ghéill líon beag iasachtaithe (cúigear) a n-áras go deonach.
- Áirítear leis an gcatagóir 'ar cíos' (beirt iasachtaithe) cásanna inar bhog iasachtaí amach as an áras teaghlaigh agus ina bhfuil sé/sí ag glacadh cóiríocht ar cíos ó thríú páirtí faoi láthair. Mar shampla, i gcás lánúin idirscartha ar bhog duine amháin díobh amach as an áras teaghlaigh, tá an duine sin faoi dhliteanas i leith morgáiste a íoc ar an áras go fóill.

Cineál Athstruchtúraithe Morgáiste Príomháite Cónaithe Príobháidí

Léirítear san fhíor thíos na catagóirí difriúla athstruchtúraithe a cuireadh i bhfeidhm i leith an mhorgáiste ar an áras teaghlaigh mar chuid de Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta.

Morgáiste Athstruchtúraithe Príomháite Cónaithe Príobháidí de réir Cineál Athstruchtúraithe



- Ba é €269,000 an meánfhiachas morgáiste.
- D'éirigh le 27% d'iasachtaithe laghdú a bhaint amach ar phríomhshuim a morgáiste. Ba é €120,000 an meánlaghdú ar an bpríomhshuim.
- Is mó an líon cineálacha athstruchtúraithe ná an líon comhshocraíochtaí toisc go bhfuil meascán rudaí i gceist le roinnt de na cineálacha athstruchtúraithe, e.g. laghdú ar an bpríomhshuim agus fadú téarma.
- Faoin gcineál athstruchtúraithe 'Cíos in ionad Morgáiste', scoireann an t-iasachtaí den áras a shealbhú agus díolann sé/sí an t-áras le comhlacht tithíochta. Éiríonn an t-iasachtaí ina t(h) ionónta sóisialta ansin san áras ar leis/léi roimhe sin.

Aguisín 5

Gluais Téarmaí

"Na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta"

Na hAchtanna um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 go 2015. Is féidir téacs comhdhlúite de na hAchtanna, arna ullmhú ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, a fháil anseo.

"Na hAchtanna Féimheachta"

Na hAchtanna Féimheachta, 1988 go 2015. Is féidir téacs comhdhlúite de na hAchtanna, arna ullmhú ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, a fháil anseo.

Abhaile, Tacaíocht Riaráiste Morgáiste Saor in Aisce

Tá Abhaile ina sheirbhís saor in aisce a bhfuil mar aidhm léi cabhrú le húinéirí tí teacht ar réiteach ar riaráiste morgáiste tí. Soláthraíonn sé raon seirbhísí chun cabhrú le daoine atá i riaráiste morgáiste déileáil leis an gcor agus tairgeann sé rochtain saor in aisce ar chomhairle maidir le cúrsaí airgeadais, dlí agus dócmhainneachta.

Idirghabhálaí Ceadaithe

Is é is Idirghabhálaí Ceadaithe ann ná duine nó aicme daoine atá údaraithe ag an tSeirbhís Dócmhainneachta chun tacú le féichiúnaí iarratas a dhéanamh ar Fhógra Faoisimh Fiachais. Tá liosta d'Idirghabhálaithe Ceadaithe ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Féimheacht

Is é is féimheacht ann ná próiseas dócmhainneachta pearsanta atá ar fáil faoin Acht Féimheachta, 1988, arna leasú, i gcás nach féidir le duine na fiachais atá air/uirthi a íoc. A luaithe a dhéantar féimheach de dhuine, tarlóidh sé, i bhformhór na gcásanna, go nglacfaidh oifigeach (an "Sannaí Oifigiúil") rialú ar mhaoin an duine sin agus go réadóidh sé/sí an mhaoin sin chun fiachais an fhéimhigh a íoc.

Ordú Íocaíochta Féimheachta

Is é is Orduithe Íocaíochta Féimheachta ann ná orduithe ón gCúirt go n-íocfadh an féimheach suim shainithe ar bhonn míosúil leis an Sannaí Oifigiúil ar feadh tréimhse trí bliana ar a mhéad. Déantar méid an ordaithe a mheas a bheith cothrom le barrachas ioncam míosúil an fhéimhigh thar na caiteachais mhaireachtála réasúnacha a cheadaítear dó/di faoi na Treoirlínte maidir le Caiteachais Mhaireachtála Réasúnacha arna n-eisiúint ag an tSeirbhís Dócmhainneachta

Fógra Faoisimh Fiachais

Is é is Fógra Faoisimh Fiachais ann ná réiteach atá ar fáil do dhaoine atá ar ioncam íseal, nach bhfuil morgáiste acu agus nach bhfuil mórán sócmhainní acu. Féadfar suas go €35,000 a dhíscríobh leis an réiteach seo. Is féidir iarratas a dhéanamh air trí Idirghabhálaí Ceadaithe.

Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais

Cumasaítear le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais d'fhéichiúnaí a f(h)iachais neamhurraithe a ghlanadh thar thréimhse ama (cúig bliana ar a mhéad de ghnáth), ar ina diaidh a dhíscríobhfar aon iarmhéid atá fágtha.

"An Roinn"

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Tá Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann ina comhlacht reachtúil a bunaíodh faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012. Tá feidhmeanna na Seirbhíse Dócmhainneachta leagtha amach in alt 9 den Acht.

Sannaí Oifigiúil

Tá an Sannaí Oifigiúil ina (h)oifigeach arna c(h)eapadh ag an gCúirt, atá lonnaithe sa tSeirbhís Dócmhainneachta. Tá sé mar fheidhm aige/aici maoin an fhéimhigh a réadú, na fiachais agus na dliteanais a fháil amach agus na sócmhainní a dháileadh de réir fhorálacha an Achta Féimheachta, 1988.

Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta

Cé go bhfuil Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta cosúil le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais ó thaobh fiachais neamhurraithe de, déileáiltear léi le fiachais urraithe freisin. Déantar fiachais urraithe a athstruchtúrú nó a ghlanadh le linn thréimhse na Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta. Cuimsítear léi roinnt cosaintí d'fhéichiúnaithe i riaráiste morgáiste atá ag iarraidh a n-áras teaghlaigh a choinneáil, nuair is féidir é sin a dhéanamh..

Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta

Is é is Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta ann ná duine atá údaraithe ag an tSeirbhís Dócmhainneachta faoi Chuid 5 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012, chun gníomhú mar Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta. Déanann Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta idirchaidreamh idir an féichiúnaí agus a c(h)reidiúnaithe i dtaca le Comhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta nó le Comhshocraíocht Socraíochta Fiachais. Tá liosta de Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta.

Deimhniú Cosantach

Is é is Deimhniú Cosantach ann ná deimhniú arna eisiúint ag an gCúirt lena dtugtar cosaint d'fhéichiúnaí ar chreidiúnaithe ar feadh tréimhse agus é/í ag déanamh iarratas ar Chomhshocraíocht Socraíochta Fiachais nó ar Chomhshocraíocht Dócmhainneachta Pearsanta. Ní fhéadfaidh creidiúnaithe teagmháil a dhéanamh leis an duine le linn na tréimhse sin. Tríd is tríd, beidh Deimhniú Cosantach i bhfeidhm ar feadh tréimhse 70 lá ach féadfar an tréimhse sin a fhadú in imthosca teoranta.

Caighdeán Maireachtála Réasúnach/Costais Mhaireachtála Réasúnacha

Faoi alt 23 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, ceanglaítear ar an tSeirbhís Dócmhainneachta treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint i dtaobh cad is caighdeán maireachtála réasúnach agus caiteachais mhaireachtála réasúnacha ann.

Úsáidtear na treoirlínte le linn measúnú a dhéanamh ar a incháilithe atá féichiúnaí d'Fhógra Faoisimh Fiachais a fháil, le linn tograí Comhshocraíochta Socraíochta Fiachais agus Comhshocraíochta Dócmhainneachta Pearsanta a cheapadh agus le linn don Chúirt ordú íocaíochta féimheachta a dhéanamh. Is é an phríomhaidhm atá leo treo a thabhairt d'Idirghabhálaithe Ceadaithe agus do Chleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus iad ag measúnú, le haghaidh fhorálacha ábhartha an Achta, cad atá 'réasúnach' ó thaobh caighdeán maireachtála agus caiteachais mhaireachtála de. Tá na treoirlínte ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Dócmhainneachta.

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Gan aon Bhord Reachtúil a bheith aici, tá ag an tSeirbhís Dócmhainneachta Foireann Ardbhainistíochta a thagann le chéile faoi chathaoirleacht ag an Stiúrthóir. Is é ról na Foirne Ardbhainistíochta ceannaireacht, treo, tacaíocht agus treoir straitéiseach a thabhairt don tSeirbhís Dócmhainneachta agus tiomantas a chothú do na croíluachanna, na croíbheartais agus na croíchuspóirí atá aici..

Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

1. Ráiteas Rialachais Sheirbhís Dócmhainneachta na Héireann 33
2. Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach 36
3. Tuarascáil an Iniúchóra 38
4. An ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 40
5. Ráiteas ar an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018 41
6. An ráiteas ar shreafaí airgead tirim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 42
7. Nótaí leis na Ráitis Airgeadaisr don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 43

1. Ráiteas Rialachais Sheirbhís Dócmhainneachta na Héireann

Rialachas

Bunaíodh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann i mí an Mhárta 2013 faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 (an tAcht). In Alt 9 den Acht leagtar amach príomhfheidhmeanna Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Tá eolas faoi fhreagrachtaí an Stiúrthóra ar fáil in Alt 11 den Acht agus áirítear leo

- Foireann, cúrsaí riaracháin agus gnó na Seirbhíse Dócmhainneachta a bhainistiú agus a rialú go ginearálta.
- Bheith freagrach don Aire as feidhmíocht a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, agus
- Feidhmeanna ar bith eile den sórt sin a iarrfadh an tAire nó a údarófaí faoin Acht a dhéanamh.

Tá ról an Stiúrthóra tacaithe ag foireann bainistíochta sinsearaí ina fhreagrachtaí nó ina freagrachtaí maidir le ceannaireacht straitéiseach, treo, tacaíocht agus treoir a chur ar fáil agus maidir le tiomantas do príomhluachanna, do phríomhbheartais agus do phríomhchuspóirí a chur chun cinn.

Sonraítear in Alt 17 (2) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 (arna leasú le hAlt 39 d'Acht na gCúirteanna agus Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013, go gcoinneoidh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann gach cuntas is cuí agus is gnáth i cibé foirm agus maidir leis na tréimhsí cuntasaíochta sin a fhaomhadh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ("an tAire") le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

a) d'airgead a fuair agus a chaith an tSeirbhís Dócmhainneachta, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe,

b) a bhaineann le feidhmeanna an tSannaí Oifigiúil faoin Acht Féimheachta 1988 nó faoi achtú ar bith eile.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú san fhoirm arna faomhadh ag an Aire, rinne Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann an méid seo a leanas:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh
- a shonrú, nuair is infheidhme, gur cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn tráth ar bith, a staid airgeadais lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonfaidh na ráitis airgeadais Alt 17(2) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012. Tá Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann freagrach chomh maith as a sócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ghlac Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 le heisceachtaí áirithe a bhaineann go príomha le nach bhfuil Bord ar bith ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Fuair Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann cead óna Roinn urraíochta (an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais) maidir leis an gcur chuige seo.

Coiste iniúchóireachta agus riosca

Ní dhéantar foráil san Acht i leith boird agus mar gheall ar mhéid Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann níor bunaíodh coiste iniúchóireachta agus riosca. Faomhann an Stiúrthóir, i dteannta le foireann bainistíochta sinsearaí, an creat bainistíochta riosca agus déanann sé monatóireacht ar a éifeachtúlacht. Cuirtear na príomhrioscaí in iúl don Roinn agus d'iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha de réir mar is cuí. Tá an Stiúrthóir agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais sásta go gcomhlíonann an cur chuige seo riachtanais coiste iniúchóireachta agus riosca.

Nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá miondealú shochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000

Raon Sochair Iomlána na bhFostaithe		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2018	2017
€60,000	€69,999	5	4
€70,000	€79,999	7	8
€80,000	€89,999	2	1
€90,000	€99,999	0	2
€100,000	€109,999	2	1
€110,000	€119,999	0	0
€120,000	€129,999	0	0
€130,000	€139,999	0	1
€140,000	€149,999	1	0
Iomlán		**17**	17

Ní chuimsítear i sochair chomhiomlánaithe fostaithe ach sochair ghearrthéarmacha amháin.

Gan íocaíochtaí foirceannta, sochair, sochair iarfhostaíochta nó eile íocadh sochair fhadtéarmacha le fostaí ar bith in 2018.

Costais sainchomhairleoireachta	2018 €	2017 €
Comhairle dhlíthiúil	217,723	294,844
Caidreamh poiblí/margaíocht	566	8,422
Eile	0	5,018
Iomlán	**218,289**	308,284

Costais dhlíthiúla agus socraíochtaí	2018 €	2017 €
Costais dhlíthiúla agus socraíochtaí	**-**	**-**

Caiteachas taistil agus cothaithe	2018 €	2017 €
Intíre		
- Stiúrthóir	1,479	1,452
- Fostaithe	13,397	24,684
Idirnáisiúnta		
- Stiúrthóir	1,310	848
- Fostaithe	1,085	2,017
Iomlán	**17,271**	29,001

Caiteachas Fáilteachais	2018 €	2017 €
Caiteachas Fáilteachais	-	-

Sochair chomhiomlánaithe fostaithe	2018 €	2017 €
Sochair chomhiomlánaithe fostaithe	**3,829,441**	3,767,684
Líon na bhFostaithe (coibhéis lánaimseartha)	**76.3**	80

Sochair fostaithe an príomhlucht bainistíochta	2018 €	2017 €
Stiúrthóir	144,684	132,536
Foireann Bainistíochta Sinsearaí	376,716	353,723
Iomlán	**521,400**	486,259

Tuarastal agus sochair an stiúrthóra	2018 €	2017 €
Tuarastal agus sochair an stiúrthóra	**144,684**	132,536

Luach na sochar scoir

Státseirbhísigh is ea foireann Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus íocfar a ndliteanais phinsin ón vóta aoisliúntais a bhainistíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní théann teidlíochtaí aoisliúntais thar na gnáthshocruithe do státseirbhísigh.

Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ghlac Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aici lena chinntiú go gcomhlíonfar an Cód. Ach amháin mar a mhínítear thuas maidir le coiste iniúchóireachta agus riosca, chloígh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú do 2018.

13/12/19

Michael McNaughton
Stiúrthóir
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Dáta

2. Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

In alt 11(3) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012, sonraítear go ndéanfaidh an Stiúrthóir an méid seo a leanas:

(a) foireann, cúrsaí riaracháin agus gnó Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann a bhainistiú agus a rialú go ginearálta,

(b) bheith freagrach don Aire as feidhmíocht a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, agus

(c) feidhmeanna ar bith eile den sórt sin (más ann dóibh) a iarrfadh an tAire nó a údarófaí faoin Acht seo a dhéanamh.

Tá an fhreagracht fhoriomlán ag Stiúrthóir as a chinntiú go ndéanfaidh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earraí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil.

Tá an Córas um Rialú Inmheánach, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Foireann Bainistíochta Sinsearaí (FBS) neamhreachtáil i bhfeidhm atá comhdhéanta den Stiúrthóir, Ceann na Féimheachta, Ceann na Bainistíochta Cásanna, Ceann na Rialachán agus Beartas agus Ceann na Seirbhísí Dlíthiúla. Déantar gach mórchúrsa straitéiseach a bhíonn os comhair Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann a bhreithniú ag cruinnithe foirmiúla an FBS a thagann le chéile ag eatraimh rialta.

Tá nósanna imeachta um rialú Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann faoi réir athbhreithniú ag Rannán Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar obair na hIniúchóireachta Inmheánaí.

Bhunaigh an FBS beartas um bainistíocht riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis um bainistíocht riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig na baill foirne ar fad a bhfuiltear ag súil leo bheith ag obair ar bheartais bainistíochta riosca Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, chun rabhadh a thabhairt don lucht bainistíochta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat um Riosca agus Rialú

Chuir Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann córas bainistíochta riosca i bhfeidhm trína sainaithnítear agus trína dtuairiscítear príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí an lucht bainistíochta nach mór a dhéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an FBS an clár a athbhreithniú ar bhonn míosúil agus déanann siad é a nuashonrú nuair is infheidhme. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar na rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha.

Sa chlár rioscaí mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun na rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú na rialuithe a shanntar chuig baill foirne faoi leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus cuntasachta dá réir i gceist
- tá córas buiséadaithe cuí ann mar aon le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú air,
- tá córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus teicneolaíochta a chinntiú
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don FBS, más ábhartha, in am agus i dtráth. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne buiséad/réamh-mheastachán.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte reatha nós imeachta agus a chinntiú gur chomhlíon Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann na nósanna imeachta sin in 2018.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Tugtar bonn eolais do Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, agus monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach á dhéanamh aici le tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí a dhéanann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus na tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile. Rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh inmheánach ar éifeachtúlacht chóras um rialú Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann i Feabhra / Márta 2019.

Dearbhaím go ndearna an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

Ceisteanna um Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh laigí ábhartha ar bith sa rialú inmheánach maidir le 2018 lena n-éileofaí iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.



13/12/19

Michael McNaughton
Stiúrthóir
Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Dáta

3. Tuarascáil an Iniúchóra

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 17(3) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2018 agus maidir lena hioncam agus lena caiteachas le haghaidh 2018 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear ann an ráiteas um rialachas agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugann tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.

Colette Drinan
Thar ceann agus ar son an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Nollaig 2019

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Stiúrthóra

Leagtar amach sa ráiteas um rialachas freagrachtaí an Stiúrthóra Tá an Stiúrthóir freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 17(2) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn sé go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuairiscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 17(3) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairiscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuairiscí ábhartha nuair atá sé ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí um míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis , nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

  Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fhaighim, agus maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach amhras suntasach maidir le cumas Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo bheith ina gcúis le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m-iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó

  nach raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

4. An ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2017 €'000
Ioncam			
Deontais an oireachtais	2	6,271	5,621
An Scéim Abhaile	3	1,481	2,479
Ioncam Eile	4	684	692
Ioncam Iomlán		**8,436**	8,792
Caiteachas			
Costais Foirne	5	3,847	3,797
Riarachán	6	1,412	2,134
An Scéim Abhaile	3	1,481	2,479
Táille Iniúchóireachta		9	9
Dímheas	7	727	817
Caiteachas Iomlán		**7,476**	9,236
(Easnamh)/Barrachas don bhliain roimh		**960**	(444)
Tarchurtha chuig an Roinn Dlí agus Cirt		(689)	(674)
Aistriú ón gcuntas caipitil	10	28	778
(Easnamh)/Barrachas don bhliain i ndiaidh		**299**	(340)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag tús na bliana		497	837
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ag deireadh na bliana		**769**	497

Áirítear leis an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta na gnóthachain agus na caillteanais ar fad a aithníodh sa bhliain. Tá an ráiteas ar shreafaí airgeadais agus na nótaí 1 go 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

13/12/19

Michael McNaughton
Stiúrthóir

Dáta

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

5. Ráiteas ar an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2018 €'000	2017 €'000	2017 €'000
Glansócmhainní					
Maoin, gléasra agus trealamh	7		959		987
Sócmhainní reatha					
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		79		88	
Earraí infhaighte	8	792		540	
		871		628	
Dliteanais reatha					
Suimeanna iníoctha	9	(75)		(131)	
Glansócmhainní reatha			796		497
Iomlán na nglansócmhainní			**1,755**		1,484
Ag léiriú					
Cuntas caipitil	10		959		987
Cúlchistí ioncaim coimeádta			796		497
			1,755		1,484

Tá an ráiteas ar shreafaí airgeadais agus na nótaí 1 go 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

13/12/19

Michael McNaughton
Stiúrthóir

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

Dáta

6. An ráiteas ar shreafaí airgead tirim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	2018 €'000	2017 €'000
Glansreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas (caiteachas thar ioncam)/ioncam thar chaiteachas	960	(444)
Amúchadh deontas caipitil iarchurtha	727	817
Laghdú/(Méadú ar earraí infhaighte)	(252)	953
(Laghdú)/Méadú ar shuimeanna iníoctha	(56)	(599)
Ranníocaíocht leis an Státchiste	(689)	(674)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	690	53
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe		
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a cheannach	(699)	(39)
(Laghdú)/Méadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	**(9)**	**14**
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana	88	74
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	**79**	88

Tá na nótaí 1 go 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



13/12/19

Michael McNaughton
Stiúrthóir

Dáta

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

7. Nótaí leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

1. Beartais chuntasaíochta

Eolas ginearálta

Tá an bunús leis an gcuntasaíocht agus beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann leagtha amach thíos. Rinneadh iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

Ráiteas maidir le comhlíonadh agus an bunús leis an gcuntasaíocht

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" (FRS), arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, ach amháin mar atá sonraithe thíos, i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm a d'fhaomh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Aitheantas Ioncaim

Déantar maoiniú ón Oireachtas do Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann trí Chlár A – Fotheideal A11 de Vóta 24 -an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a thuairisciú ar bhonn airgead tirim. Déantar ioncam eile a thuairisciú ar bhonn an airgid thirim a fhaightear seachas táillí le haghaidh údarú cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta agus táillí athnuachana a aithnítear sa bhliain nuair a fhaomhtar iarratas.

Tarchurtha ioncam ó tháillí chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar bhonn ráithiúil. Taifeadtar é mar leithreasaí i gcabhair i gcuntais na Roinne.

Tugadh an scéim Abhaile isteach in 2016 chun comhairliúchán saor in aisce le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta (CSP) a chur ar fáil do dhaoine atá dócmhainneach agus i riaráistí ar a morgáiste. Feidhmítear an scéim ar chóras dearbhán agus tá sí á riar ag an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA) i gcomhar le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Íocann Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann an CDP agus aisíocann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Taifeadtar na speansais ar bhonn fabhraithe agus aithnítear ioncam meaitseála mar speansais a thabhaítear.

Tá tuilleadh eolais i ndáil leis an ioncam agus caiteachas ar fáil i nóta 3.

Caiteachas

Próiseálann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais an caiteachas ar fad, lena n-áirítear an párolla, agus taifeadtar iad sna ráitis airgeadais agus áirítear leis CBL, nach féidir le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann a fháil ar ais, de réir mar is infheidhme.

Cuireadh tús leis an Scéim nua Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Tá gach iontráil úr ar fhostaíochta inphinsin na seirbhíse poiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin, go ginearálta, ina mbaill den Scéim Aonair agus tá siad leagtha síos san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Tarchuirtear gach asbhaint pinsin faoin Scéim Aonair ar bhonn míosúil chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Státseirbhísigh is ea baill foirne uile Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus íocfar a ndliteanais phinsin ó Vóta Aoisliúntais 12.

Sannaí Oifigiúil

In Alt 17(2A) den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 (arna leasú), ceanglaítear ar Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann cuntais a bhainistiú a bhaineann le feidhmeanna an tSannaí Oifigiúil faoin Acht Féimheachta 1988 nó achtú ar bith eile. Tá na cuntais sin faoi réir mhaoirseacht na Cúirte. Dá réir sin, ní aithnítear idirbhearta ar bith a bhaineann le féimheacht i ráitis airgeadais Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann.

Níl na cuntais i ndáil leis an Sannaí Oifigiúil ina gcuid de na ráitis airgeadais seo agus ní thagann siad faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. I gcomhréir le I.R. Uimh. 464 de 2013 – na Rialacháin um an Acht Féimheachta 1988 (Cuntais Sannaithe Oifigiúla agus Cúrsaí lena mBaineann) 2013 déanann cuntasóirí neamhspleácha na cuntais a athbhreithniú ar bhonn bliantúil agus eisítear Tuarascáil Cuntasóirí Neamhspleácha chuig an Ard-Chúirt. Aithnítear na costais riaracháin agus táillí ábhartha i ndáil le hobair an tSannaí Oifigiúil sna ráitis airgeadais sin.

Rinneadh foráil in Acht na gCúirteanna agus Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2013 i leith aistriú Oifig an tSannaí Oifigiúil i bhFéimheacht go dtí Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Faoin Acht, tá an Sannaí Oifigiúil fós ina Oifigeach den Chúirt agus tá sé neamhspleách i bhfeidhmíocht a fheidhmeanna/feidhmeanna faoin dlí.

Maoin, gléasra agus trealamh

Taispeántar maoin, gléasra agus trealamh ag an nglanluach leabhar ar dháta an aistrithe go dtí Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus déantar iad a amúchadh ar bhonn méid cothrom thar a saolré fhónta ionchais ag tosú an mhí a cuireadh an tsócmhainn i seirbhís, faoi mar a leanas:

Troscán	10% ar Mhéid Cothrom
Crua-earraí agus Bogearraí TF	20% ar Mhéid Cothrom
Trealamh Oifige	20% ar Mhéid Cothrom

Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil luach gan imúchadh an ioncaim a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh caiteachas caipitil.

2. Deontais an Oireachtais

	2018 €'000	2017 €'000
Vóta 24 - an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Clár A. – Fotheideal A11)	6,271	5,621
	6,271	5,621

Soláthraítear maoiniú do Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais a dhéanann na híocaíochtaí go léir thar ceann Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Tagann an deontas iomlán leis an tsuim a ghearrtar ar Chuntas Leithreasa na Roinne sin.

3. An Scéim Abhaile

	2018 €'000	2017 €'000
Íocaíocht arna déanamh ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann	1,481	2,479
Aisíocaíocht ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta	(1,481)	(2,479)
	-	-

Tugadh an scéim isteach in 2016 chun comhairliúchán saor in aisce le Cleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta (CSP) a chur ar fáil do dhaoine atá dócmhainneach agus i riaráistí ar a morgáiste. Is é €615 (€500 agus CBL ag 23% san áireamh) an tsuim atá iníoctha do CSP le haghaidh gach comhairliúcháin. Feidhmítear an scéim ar chóras dearbhán agus tá sí á riar ag an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA) i gcomhar le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Íocann Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann an CDP agus aisíocann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. B'ionann an líon daoine a bhain leas as an scéim agus €2,408.

4. Ioncam eile

	2018 €'000	2017 €'000
Táillí iarratais d'údarú cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta	19	39
Táillí riaracháin féimheachta	400	223
Táillí réadaithe féimheachta	263	424
Táillí dáileacháin féimheachta	2	6
	684	692

Agus a cumhachtaí á bhfeidhmiú aici faoi Alt 3 agus Alt 20 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 féadfaidh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann táillí a fhorordú le haghaidh údarú agus athnuachan cleachtóirí dócmhainneachta pearsanta. Tá sé sin leagtha amach in I.R. Uimh. 246 2013 Rialacháin (Údarú agus Athnuachan Táillí Forordaithe Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta) 2013. Is é €1,500 an táille iníoctha i gcomhair an údaraithe tosaigh agus is é €1,000 an táille iníoctha i gcomhair athnuachan an údaraithe. Is é trí bliana an téarma le haghaidh údarú cleachtóra.

Le linn na bliana tugadh údaruithe le dul i mbun cleachtais do 14 (2017: 33) chleachtóir dócmhainneachta pearsanta. Cuimsítear 8 athnuachan agus 6 údarú úra san fhigiúr 14 sin.

Agus a cumhachtaí á bhfeidhmiú aici faoi Alt 3 agus Alt 20 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 féadfaidh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann táillí a fhorordú le haghaidh iarratas ar dheimhnithe cosanta agus fógraí faoisimh fiachais. Tá na táillí sin leagtha amach in I.R. Uimh. 620 de 2015, Rialacháin 2012 um an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Táillí Forordaithe) 2015.

Faoi I.R. Uimh. 620 de 2015 rinneadh táillí ar bith a bhí iníoctha le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann i ndáil le hIarratais ar Dhócmhainneacht Phearsanta (DSAnna) agus Fógraí Faoisimh Fiachais (DRNanna) a tharscaoileadh go dtí an 31 Nollaig 2017. I.R. Uimh. 609 de Rialachán leasaithe 2017 6 de I.R. Uimh. 620 de 2015 tríd an 31 Nollaig 2020 a chur in ionad an 31 Nollaig 2017.

Agus a cumhachtaí á bhfeidhmiú aici faoi Alt 3 agus Alt 20 den Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012 (an tAcht) féadfaidh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann táillí a fhorordú i ndáil le feidhmíocht fheidhmeanna an tSannaí Oifigiúil faoin Acht Féimheachta 1988. Tá na táillí sin leagtha amach in I.R. Uimh. 465 de 2013, Rialacháin 2012 um an Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta (Táillí Forordaithe) 2013.

Baineann na táillí le riarachán an eastáit féimheachta, táillí réadaithe ar dhiúscairt sócmhainní agus táillí dáileacháin ar íocaíocht díbhinne le creidiúnaithe an eastáit féimheachta.

Tarchurtha ioncam ó tháillí chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar bhonn ráithiúil glan ó mhuirir bhainc.

Tharchuir an Sannaí Oifigiúil táillí dar luach €664,721 chuig Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 i ndáil le heastáit féimheachta. (2017: €649,510).

5. Costais Foirne

	2018 €'000	2017 €'000
Pánna agus tuarastail	3,826	3,759
Ragobair	1	7
Liúntais	3	2
Taisteal agus cothú	17	29
IOMLÁN	**3,847**	3,797

Bhí 79 (2017: 83) ball foirne ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann ar an 31 Nollaig 2018. I líonta coibhéisí lánaimseartha b'ionann é agus 76.3 ball foirne ar an 31 Nollaig 2018 (2017: 80).

6. Costais Riaracháin

	2018 €'000	2017 €'000
Postas agus teileachumarsáid	38	36
Soláthairtí oifige	32	23
Glanadh, cothabháil agus fóntais oifige	79	(23)
Tacaíocht TF	446	483
Seirbhísí ar conradh	70	448
Táillí dlíthiúla	218	295
Feachtas faisnéise poiblí	473	781
Speansais ghinearálta	56	91
IOMLÁN	**1,412**	2,134

7. Maoin, gléasra agus trealamh

	Trealamh TF	Trealamh Oifige	Troscán	ISI CMS	CMS úr Líne ISI (WIP fós)	CMS Féimheachta	Iomlán
Costas	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 1 Eanáir 2018	45	15	292	3,102	-	661	4,115
Breiseanna	1	-	1	-	689	8	699
Diúscairtí	(5)	(5)	-	-	-	-	(10)
Amhail an 31 Nollaig 2018	41	10	293	3,102	689	669	4,804
Amúchadh carntha							
Amhail an 1 Eanáir 2018	39	13	134	2,546	-	396	3,128
Muirear don bhliain	5	2	30	556	-	134	727
Diúscairtí	(5)	(5)	-	-	-	-	(10)
Amhail an 31 Nollaig 2018	39	10	164	3,102	-	530	3,845
Glanluach Leabhar							
Amhail an 31 Nollaig 2018	**2**	**0**	**129**	**0**	**689**	**139**	**959**
Amhail an 1 Eanáir 2018	6	2	158	556	-	265	987

Tá CMS Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann comhdhéanta den chóras bainistíochta cásanna le haghaidh réitigh fiachais a phróiseáil agus a láimhseáil.

Tá an CSM Féimheachta comhdhéanta de chóras bainistíochta cásanna a dhéileálann le heastáit daoine aonair féimhithe.

Tá CMS úr Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann comhdhéanta den chóras bainistíochta cásanna ar líne le haghaidh réitigh fiachais a phróiseáil agus a láimhseáil. Tá an córas seo á fhorbairt fós agus táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm é sa chéad leath de 2020. Ní chuirfear tús le dímheas an chórais seo go dtí go mbeidh sé curtha i bhfeidhm.

Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí ceangaltais chonarthacha amach anseo ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann de €1.197 milliún i mí na Nollag don phríomhchonraitheoir a bhí páirteach i bhforbairt agus cur chun feidhme an chórais bainistíochta cásanna ar líne seo. Ba é caipiteal €0.643 milliún de seo agus táthar ag súil go mbeidh €0.554 milliún de ina chaiteachas reatha sna tréimhsí amach anseo lena mbaineann sé.

8. Earraí infhaighte

	2018 €'000	2018 €'000	2017 €'000	2017 €'000
Féichiúnaithe	89		89	
Soláthar le haghaidh drochfhiach	(89)		(89)	
Réamhíocaíochtaí agus earraí infhaighte eile		792		540
IOMLÁN		**792**		540

Léiríonn féichiúnaithe suim atá dlite do Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann ó Sheirbhís Chúirteanna na hÉireann. D'íoc Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann do chonraitheoir chun oibriú le Seirbhís Chúirteanna na hÉireann ionas go mbeadh a gcórais TF comhoiriúnach leis na córais úra arna bhforbairt ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Ba é €158,297 an tsuim iomlán a d'íoc Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann leis an gconraitheoir. Leagtar amach leis an gcomhaontú atá i bhfeidhm go n-aisíocfaidh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann na costais a tabhaíodh trí shuimeanna fritháirithe (Táillí Cúirte) arna mbailiú ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann in 2014 thar ceann na Seirbhíse Chúirteanna. Rinneadh €68,610 a fhritháireamh i gcoinne na dtáillí a bhailigh Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann maidir le réiteach fiachais agus socruithe dócmhainneachta pearsanta rud a fhágann gurb é €89,687 an chuid eile den iarmhéid atá dlite. Faoi I.R. Uimh. 620 de 2015 rinneadh táillí ar bith a bhí iníoctha le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann i ndáil le PIAnna, DSAnna agus DRNanna a tharscaoileadh ón 22 Nollaig 2015 go dtí an 31 Nollaig 2017. I.R. Uimh. 609 de 2017 Rialachán leasaithe 6 de I.R. Uimh. 620 de 2015 tríd an 31 Nollaig 2020 a chur in ionad an 31 Nollaig 2017.

9. Suimeanna iníoctha

	2018 €'000	2017 €'000
Fabhruithe	75	128
Ioncam iarchurtha	0	3
IOMLÁN	**75**	131

10. Cuntas Caipitil

	2018 €'000	2018 €'000	2017 €'000	2017 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		987		1,765
Deontas stáit a úsáideadh chun sócmhainní a cheannach	699		39	
Amúchadh deontas caipitil iarchurtha	(727)		(817)	
Aistriú chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais		(28)		(778)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		**959**		987

11. Tobhach Pinsin

Is ionann costais tuarastal agus na hollchostais do Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann don bhliain. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais na tuarastail thar ceann Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann. Asbhaineann an Roinn na tobhaigh phinsin, de réir Alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Uimh. 5 de 2009) agus coimeádtar iad mar Leithreasaí i gCabhair. B'ionann é sin agus €134,808 in 2018 (2017: €146,188).

12. Áitreabh

Feidhmíonn Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann ó chóiríocht ag Bloc 2, Teach an Fhionnuisce, Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8 agus íocann Oifig na nOibreacha Poiblí an léas air. Íocann Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann na costais na bhfóntas.

13. Luach Saothair an Stiúrthóra

B'ionann luach saothair an Stiúrthóra don bhliain dar críoch Nollaig 2018 agus €144,684 (b'ionann an tuarastal bliantúil iomlán in 2017 agus €132,536). Íocadh €2,789 (2017:€2,301) leis an Stiúrthóir i ndáil le speansais taistil agus chothaithe don bhliain i gcomhréir le rátaí taistil agus cothaithe na Státseirbhíse. Ní théann teidlíochtaí pinsin thar na gnáththeidlíochtaí i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh íocaíochtaí ar bith maidir le feidhmíocht in 2018.

14. Gluaiseacht i mBarrachas Carntha

	2018 €000's	2017 €000's
Barrachas tosaigh	497	837
(Easnamh)/barrachas don bhliain	299	(340)
Iomlán ag deireadh na bliana	**796**	497

15. Dliteanas teagmhasach

Tá Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann bainteach le himeacht dlíthiúil lenar féidir dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá suim iarbhír nó uainiú dliteanas féideartha éiginnte.

16. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí ráitis airgeadais Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann ar an 13 Nollaig 2019..

www.isi.gov.ie